# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2022

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta**

**Ardleibhéal**

**Scéim Mharcála**

*Treoracha d'iarrthóirí:*

**Roinn A** 30 mharc
Freagair **cúig** cheist sa roinn seo.
Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.

**Roinn B** 130 marc
Freagair **Ceist 1** agus ceist **amháin** as ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.
Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1.
Tá 50 marc an ceann ag gabháil le ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.

**Roinn C** 40 nó 80 marc
Freagair ceist **amháin** ar ábhar roghnach nó ceist 4 (croí-ábhar) lena n-áirítear **cuid (a)** agus **cuid (b) nó (c)**.
Má chuir tú isteach obair chúrsa i *dTeicstílí, Faisean agus Dearadh* le haghaidh an scrúdaithe, ní cheadaítear duit ach Ceist 2 as an roinn seo a fhreagairt.

*Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile. Más rud é go bhfuil tú neamhchinnte faoi bhailíocht freagra mhalartaigh, téigh i gcomhairle le do scrúdaitheoir comhairleach.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna athrú ó bhliain go bliain, dá réir sin.*
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.*

**Tábla na nGrád - 240/200**

| Grád | Ábhar Roghnach 1, 3 agus C4 | Ábhar Roghnach 2 |
|---|---|---|
| **1** | 216 - 240 | 180 -200 |
| **2** | 192 - 215 | 160-179 |
| **3** | 168 - 191 | 140-159 |
| **4** | 144 -167 | 120-139 |
| **5** | 120-143 | 100 -119 |
| **6** | 96 - 119 | 80 - 99 |
| **7** | 72 - 95 | 60 -79 |
| **8** | < 71 | < 59 |

**Nótaí mínithe - Eacnamaíocht Bhaile 2022**

Ba cheart na marcanna a bhfuil nóta miniate ag gabháil leo a chur gar don fhreagra ceart/leathcheart. Thig le dathanna na nótaí mínithe bheith éagsúil óna chéile.

| Nóta mínithe | Míniúchán |
|---|---|
| 0 | Náid bronnta |
| ✓ 1 | Marc **amháin** bronnta |
| ✓ 2 | **Dhá** mharc bronnta |
| ✓ 3 | **Trí** mharc bronnta |
| ✓ 4 | **Ceithre** mharc bronnta |
| ✓ 5 | **Cúig** mharc bronnta |
| ✓ 6 | **Sé** mharc bronnta |
| ✓ 7 | **Seacht** marc bronnta |
| ✓ 8 | **Ocht** marc bronnta |
| ⌇ | Leathanach Bán |
| F | Marcanna iomlána bronnta don phointe breise |
| P | Cuid de marcanna bronnta don phointe breise |
| < | Pointe/obair nach ndearnadh iarracht air/uirthi |
| A | Marc lascaine |
| P1 | Bain marc **amháin** |

| | |
|---|---|
| P2 | Bain **dhá** mharc |
| P3 | Bain **trí** mharc |
| P4 | Bain **ceithre** mharc |
| P5 | Bain **cúig** mharc |
| P6 | Bain **sé** mharc |
| P7 | Bain **seacht** marc |
| P8 | Bain **ocht** marc |
| P9 | Bain **naoi** marc |
| P10 | Bain **deich** marc |
| MMS | Scéim mharcála athraithe |

Ní mór d'iarrthóirí ceist amháin a fhreagairt i Roinn C. Baineann ceist C2 leis an ábhar roghnach *Teicstílí, Faisean agus Dearadh.* Sa chás go bhfreagraíonn iarrthóir C2 agus ceist eile as C1, C3 nó C4, cuireann an scrúdaitheoir marc lascaine i bhfeidhm sa chaoi nach n-áirítear ach an marc is airde. Baintear leas as nóta mínithe A le cur in iúl go bhfuil marc lascaine á chur i bhfeidhm. Mar shampla, chun -23 a chur i bhfeidhm mar mharc lascaine, d'úsáidfeadh scrúdaitheoir A, P10, P10, P3 chun -10, -10 agus -3 a chur i bhfeidhm, is é sin -23 san iomlán.

## Roinn A

Freagair **cúig** cheist ar bith as an roinn seo.
Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.

**1.** Luaigh **dhá** fheidhm atá ag cailciam sa chorp.

***2* phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)**

Déanamh cnámh láidir agus fiacla, téachtadh fola, brú fola a rialú; crapadh matáin normálta; buille croí rialta; feidhmiú normálta néaróige; srl.

Sainaithin toisc **amháin** a théann i bhfeidhm ar ionsú cailciam.

**1 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:0)**

| |
|---|
| Vitimín D; éastraigin; timpeallacht aigéadach/Vitimín C; próitéin; srl. |
| tainnin; saill; fíotáití/aigéad fíteach; ocsaláití/aigéad ocsalach; srl. |

**2.** Críochnaigh an tábla thíos maidir le díleá carbaihiodráití.

**3 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:0)**

| Tál | Einsím | Substráit | Táirge |
|---|---|---|---|
| Sú paincréasach | Aimileáis | Stáirse | Maltós |

**3.** Maidir le próitéiní, mínigh foirmiú cúir.

**Mínigh *2* phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:0)**

**Cruthú Cúir** - nuair a dhéantar an gealacán uibhe a bhualadh, cruthaítear bolgáin aeir; déantar dóthain teasa a ghiniúint ón mbualadh le halbaimin na huibhe a théachtadh timpeall ar na bolgáin aeir; srl.



Tabhair sampla **amháin** d’fhoirmiú cúir sa chócaireacht.

**Sampla cócaireachta - 2 mharc (grádaithe 2:0)**

**Sampla cócaireachta** – meireang; pavlóva; soufflé; císte spúinse; srl.

**4.** Déan cur síos ar an difríocht idir struchtúr ceimiceach na n-aigéad cis-sailleach agus struchtúr ceimiceach na n-aigéad tras-sailleach.

**Cur síos 2 @ 3 mharc (grádaithe 3:2:1:0)**

| **Aigéid Cis-Shailleacha** | **Aigéid Tras-Shailleacha** |
|---|---|
| Tá na hadaimh hidrigine ar dhá thaobh an naisc dhúbailte ar an taobh céanna den slabhra carbóin i.e. tá an dá cheann ar an taobh thuas nó ar an taobh thíos de; srl.  | Tá na hadaimh hidrigine ar dhá thaobh an naisc dhúbailte ar thaobhanna éagsúla den slabhra carbóin; srl.  |

**5.** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** threoirlíne atá le leanúint chun taosrán éadrom a dhéanamh.

**3 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)**

Cóimheas ceart comhábhar; comhábhair meáite go cruinn; comhábhair fhuara agus uirlisí; seachain an róshaothrú; aer a thabhairt isteach; leacht a chur leis go cúramach; am idirphasach; am cuisnithe; rolladh éadrom i dtreo amháin; an t-oigheann réamhthéite go teocht ard; bácáil chaoch más cuí; laghdú ar theocht an oighinn tar éis am tosaigh na cócaireachta; srl.

**6.** Maidir le reo, mínigh mear-reo.

Tabhair buntáiste **amháin** a bhaineann le mear-reo.

**Mínigh *2* phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)**

**1 phointe buntáiste @ 2 mharc (grádaithe 2:0)**

**Próiseas**

Déantar bia a reo @ $-25^{o}C$; cruthaítear criostail bheaga oighir; srl.

**Buntáiste**

Méid beag damáiste do bhallaí cille an bhia; méid beag cothaitheach caillte; uigeacht coimeádta mar a bhí; dath coimeádta mar a bhí le linn díreoite; srl.

**7.** Luaigh buntáiste difriúil a bhaineann le gach ceann de na cineálacha éagsúla de phacáistiú bia seo a leanas:

**3 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:0)**

| |
|---|
| **Polaistiréin**<br>Éadrom; frithsheasmhach i leith fáis bhaictéaraigh; insliú curtha ar fáil; marthanach; in-athchúrsáilte; éifeachtúil ó thaobh costas de; éasca é a charnadh; cáilíochtaí ionsúite turrainge; srl. |
| **Buidéal gloine**<br>In-athúsáidte; sláinteach; cosnaíonn in aghaidh éilleán; oiriúnach do chóireálacha teasa; cruthanna/méideanna/dathanna éagsúla; trédhearcach; is féidir é a shéalú arís; éasca le hathchúrsáil; srl. |
| **Cartán céarach**<br>In-bhithmhillte; in-athchúrsáilte; íseal ó thaobh costas de; éasca le hoscailt; éasca le priontáil air; oiriúnach don steiriliú; uiscedhíonach; is féidir é a shéalú le teas; éadrom; srl. |

**8.** Sainaithin modh tais cócaireachta **amháin** a bheadh oiriúnach d'iasc.

**Modh cócaireachta tais amháin @ 2 mharc (grádaithe 2:0)**

**Modhanna taise cócaireachta:** bruith; suanbhruith; scalladh; galbhruith; stobh; srl.

Déan cur síos ar bhunphrionsabal an mhodha cócaireachta atá ainmnithe agat.

**Bunphrionsabal 2 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:0)**

Aistriú comhiompair teasa trí shruthanna san aer, leacht nó sa ghal; ardaíonn aer nó leachtanna te nuair a théitear iad agus titeann siad nuair a fhuaraítear iad; srl.

Aistriú seolta teasa trí ghluaiseacht teasa ó mhóilín amháin go dtí an chéad cheann eile; srl.

**9.** Tabhair breac-chuntas ar fheidhm gach ceann díobh seo a leanas maidir le breiseáin bhia:

**2 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

Gníomhaí frithstolptha - cuireann cosc ar chnapáin i mbia triomaithe; srl.

Eiblitheoir - cuireann cosc ar dheighilt in ola agus uisce i mbia; srl.

**10.** Maidir le hioncam duine, mínigh gach ceann díobh seo a leanas:

**2 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

**Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC)** asbhaint phá éigeantach ón ollioncam; cuireann árachas ar fáil don leas sóisialach/do shochair; déanann fostaithe agus fostóirí an costas a roinnt; aicmí éagsúla ÁSPC; srl.

**An Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU)** cáin éigeantach a íoctar ar an ollioncam; déantar í a íoc roimh ranníocaí pinsin; déantar í a ríomh mar % d'ioncam iomlán duine; 0.5% - 11% - méadaíonn an ráta de réir méadaithe san ioncam; tá fostaithe faoi dhliteanas cáin MSU a íoc má bhíonn an t-ollioncam acu níos airde ná €13,000 in aghaidh na bliana; bíonn siad díolmhaithe más ag tuilleamh níos lú ná €13,000 in aghaidh na bliana atá siad; srl.

**11.** Ainmnigh gníomhaireacht reachtúil **amháin** a thugann cosaint do thomhaltóirí.

**Ainm @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

Tabhair breac-chuntas ar ról na gníomhaireachta reachtúla atá ainmnithe agat.

**Ról 1 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

**An Coimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC)** cuireann raon dlíthe cosanta tomhaltóra i bhfeidhm; fiosraíonn cleachtais mhídhleathacha; cuireann tomhaltóirí ar an eolas faoina gcearta; cuireann tomhaltóirí ar an eolas faoi chúrsaí airgeadais phearsanta; cuireann eolas ar fáil trí shuíomh gréasáin; feachtais líne chabhrach agus feasachta poiblí; bainteach le rialacháin maidir le sábháilteacht táirgí a chur i bhfeidhm i dtáirgí nach bia iad m.sh. bréagáin; cuireann comhairle ar an rialtas maidir le reachtaíocht tomhaltóirí; srl.
Fiosraíonn **Oifig an Ombudsman** gearáin i gcoinne comhlachtaí poiblí m.sh. Ranna Rialtais; FSS, An Post, Comhlachtaí Árachais, Institiúidí Creidmheasa (Bainc); úsáidtear mar an rogha deiridh í sa chás nach féidir teacht ar réiteach idir an tomhaltóir agus an Roinn/ghníomhaireacht; srl.
Cuireann **an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh** faisnéis ar fáil trí sheirbhísí fóin, shuíomh gréasáin agus in ionaid chomhairle maidir le cearta tomhaltóirí, íocaíochtaí leasa; tithíocht, dlí teaghlaigh; tacaíocht airgeadais ar nós An tSeirbhís Airgid agus Bhuiséadaithe (MABS); srl.
Déanann **an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI)** caighdeáin a bhunú i dtaca le sábháilteacht bia i dtáirgí; cuireann sé scéim ISO 9000 i bhfeidhm; srl.
Cuireann **Lárionad Eorpach na hÉireann do Thomhaltóirí (ECC)** faisnéis agus comhairle ar fáil maidir le cearta tomhaltóirí nuair a bhíonn earraí agus seirbhísí á gceannach i dtíortha eile an AE (ceannacháin ar líne san áireamh); cuireann cúnamh ar fáil maidir le haighnis idir tomhaltóirí agus trádálaithe an AE a réiteach; srl.
**An Chúirt Dúiche/Nós Imeachta Mionéileamh:** Fiosraíonn gearáin curtha isteach ag tomhaltóirí; eisíonn Fógra an Éilimh do fhreagróir; má cheistítear éileamh taobh istigh de 15 lá déanfaidh an clár Mionéileamh iarracht an fhadhb a réiteach; srl.

**12.** Ainmnigh **dhá** chineál árachais saoil.

Sainaithin difríocht **amháin** idir an dá chineál árachais saoil atá ainmnithe agat.

**Ainmnigh 2 @ 1 mharc (grádaithe 1:0)**

**Difríocht 1 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**

**Árachas saoil téarmach** cuirtear saol duine faoi árachas le haghaidh tréimhse ama aontaithe ar leith; sa chás go bhfaigheann duine bás le linn na tréimhse atá á clúdach, íoctar cnapshuim chúitimh leis na cleithiúnaithe; má chailltear an duine i ndiaidh na tréimhse atá á clúdach, ní dhéantar íocaíocht ar bith; srl.
Cuireann **Árachas téarmach inmhalartaithe** ar chumas daoine an t-árachas téarmach acu a athrú go polasaí árachais lánsaoil nó go polasaí dearlaice gan na préimheanna atá íoctha cheana acu a chailliúint; tá préimheanna níos costasaí; srl.
Maireann **Árachas lánsaoil** ar feadh saol iomlán; níl sé teoranta le tréimhse ama áirithe; déantar saol an té atá faoi árachas a chlúdach go deo, fad is go n-íoctar na híocaíochtaí préimhe; déantar suim aontaithe a íoc ar uair an bháis; srl.
Déanann **árachas saoil dearlaice** an t-árachas lánsaoil agus gné choigiltis a chur le chéile; baintear úsáid as cuid de na híocaíochtaí le hárachas lánsaoil a cheannach; déantar an chuid atá fágtha a infheistiú i ngnáthphleananna coigiltis; d’fhéadfadh go ndéanfaí cnapshuim a íoc i gcás báis nó nuair a bhainfeadh an té atá faoi árachas aois áirithe amach; srl.

**13**. Luaigh **dhá** phíosa eolais is cóir a bheith le fáil ar lipéad buan faoin Ordú um Shábháilteacht ó Dhóiteán (Troscán Tí) (1988, 1995).

**2 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

Teachtaireacht rabhaidh 'tarlaíonn tine de bharr míchúraim'; ainm agus seoladh an déantóra nó an iompórtálaithe; cáipéis aitheantais an déantóra agus uimhir na baisce; cur síos ar ábhar an líonta; cur síos ar ábhar an chlúdaigh; sonraí a bhaineann leis an idirlíonán dódhíonach; srl.

**14.** Cén t-eolas a chuireann gach ceann de na siombailí seo a leanas in iúl don tomhaltóir?

**2 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

**An phonc glas**

Tugann sé le fios go bhfuil méid áirithe airgid tugtha ag soláthraithe na pacáistíochta le costas na hathchúrsála a chlúdach; srl.

**Éicilipéad**

Tá na táirgí agus na seirbhísí a bhfuil an lipéad seo orthu neamhdhíobhálach don timpeallacht agus is beag damáiste a dhéanann siad don timpeallacht; tá iniúchadh déanta ar tháirgí maidir leis an bhfuinnimh nó na hábhair ar baineadh úsáid astu le linn a ndéanta; an cumas atá iontu truailliú a dhéanamh nó a gcumas ath-inúsáidteachta; srl.


## Roinn B

Freagair **Ceist 1** agus ceist **amháin** as ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.
Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.

**Ceist 1**

'Nósanna a bhaineann le cúrsaí sláinte a thagann chun cinn sna déaga, bíonn claonadh acu leanúint ar aghaidh agus an déagóir ina dhuine fásta.' (*iuna.net*)

Tarraingíonn Suirbhé Náisiúnta II um Bhia do Dhéagóirí aird ar na deacrachtaí a bhíonn ag déagóirí agus iad ag iarraidh réim shláintiúil bia a ithe. (*arna chur in oiriúint ó iuna.net*)




**(a)** Agus tú ag baint úsáide as an eolas atá curtha ar fáil sa chairt, déan trácht agus tabhair mionléiriú ar na tosca a dhéanann deacair do dhéagóirí réim shláintiúil bia a ithe. (20 marc)

**4 phointe @ 5 mharc (grádaithe 5:4:3:2:1:0)**

**Nithe a thaitníonn agus nach dtaitníonn le daoine** tionchar ar na céadfaí agus daoine ag ithe; léiriú an bhia; an iomarca bia a ithe a bhfuil líon ard salainn/siúcra ann; blaslóga imithe in oiriúint do bhianna a bhfuil líon ard saille/salainn/siúcra iontu; taithí ar bhianna míshláintiúla ag aois an-óg; srl.

**Áisiúlacht** bianna próiseáilte agus áisiúla ar fáil; bia a ithe agus tú ag gluaiseacht; saol gnóthach; bianna ó cheaintín / deilí; srl.

**Infhaighteacht** bianna atá ina séasúr féin; béilí/bianna reoite; suíomh; roghanna bia atá ar fáil i siopaí/ceaintín; suíomh táirgí; srl.

**Costas** airgead atá ar fáil; bianna próiseáilte saora; ioncam teaghlaigh; bianna atá éifeachtúil ó thaobh costas de; srl.

**Fógraíocht** suíomh táirgí; fógraíocht dhigiteach; meáin shóisialta; straitéisí margaíochta; fógraíocht táirgí nua; tionchairí; tacaíochtaí ceiliúráin; srl.

**Eile** cultúr; inbhuanaitheacht; stádas sláinte; tionchair mhothúchánacha; tionchair teaghlaigh; easpa tuisceana ar bhia cothaitheach; nósanna itheacháin cairde a leanúint: srl.

**(b)** Tabhair mionchuntas ar na bearta cothaithe atá le leanúint nuair a bhíonn béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú le haghaidh déagóirí. (20 marc)

**4 phointe @ 5 mharc (grádaithe 5:3:0)**

Úsáid bainte as pirimid an bhia chun cothromaíocht a chinntiú; cothromaíocht chothaitheach; cuireann ráig fáis fhisiciúil leis an ngá a bhíonn le gach cineál cothaitheach a ithe; riachtanais laethúla na macrachothaitheach / micreachothaitheach lena n-áirítear riachtanais phróitéin / charbaihiodráite / saille / iarainn / chailciam más cuí i gcás ógánach 12 - 18 mbliana d'aois agus éagsúlachtaí féideartha san áireamh chomh maith; neart snáithín; Vitimín C / ionsú iarainn; vitimín D / ionsú cailciam; cothromaíocht fuinnimh maidir le leibhéil ghníomhaíochta; baineann riachtanais fuinnimh an pointe is airde amach san aoisghrúpa seo nuair a bhíonn rátaí arda fáis agus leibhéil arda gníomhaíochta ag teacht le chéile; treoirlínte cothúcháin reatha maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia; ith trí bhéile cothrom gach lá; ná seachain béilí; éagsúlacht bianna; nithe pearsanta a thaitníonn agus nach dtaitníonn leat; fadhbanna maidir le hacmhainní; bianna atá ina séasúr féin; seachain bianna míshláintiúla; bianna a bhfuil neart salainn iontu; saill sháithithe agus siúcra; seachain deochanna boga a ól in éineacht le béilí; ól bainne nó uisce; nithe atá áisiúil/éasca le hithe mar go mb'fhéidir nach mbeadh an t-am ag déagóirí béile a ithe agus iad ina suí, mar sin, roghnaigh bianna ar féidir iad a ithe le forc amháin; bia éasca atá leagtha amach agus roinnte go slachtmhar; éasca é a choimeád te; rialú sciartha; modhanna cócaireachta; bain úsáid as comhábhair úra seachas comhábhair phróiseáilte más féidir; oiriúnach d'aistí bia difriúla; srl.

**(c)** Tá sé riachtanach dóthain Vitimín D a thógáil i réim shláintiúil bia.

Tabhair cuntas ar Vitimín D agus bíodh tagairt agat dóibh seo a leanas: (20 marc)

**feidhmeanna bitheolaíocha 4 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:0)**

Ionsú cailciam; ionsú fosfair; cabhrú le fiacla sláintiúla agus cnámha láidre a chruthú; cothromaíocht chailciam idir an fhuil agus an cnámharlach a rialú; srl.

**iarmhairtí na heaspa 3 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:0)**

Raicíteas i leanaí; oistéamalaice i ndaoine fásta; oistéipéine; oistéapóróis; lobhadh fiacla; srl.

**airíonna 3 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:0)**

Solad bán criostalta; saill intuaslagtha/neamh-intuaslagtha in uisce; teas socair/gan tionchar ag cócaireacht ná ag cóireálacha bia air a úsáidtear i bpróiseáil bhia; ní chuireann ocsaigin isteach air; ní chuireann aigéid isteach air; ní chuireann alcailí isteach air; srl.

**(d)** Déan plé ar conas is féidir le stádas sláinte duine tionchar a imirt ar na roghanna a dhéanann sé/sí nuair a bhíonn bianna á gceannach aige/aici.

(20 marc)

**5 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**

Riachtanais chothaithe speisialta; aistí bia srianta; saor ó lachtós; céiliach; diaibéiteach; colaistéaról íseal; ailléirgí; éadulaingt ar ghlútan; brú ard fola; IBS; meáchan sláintiúil a choimeád; meitibileacht; srl.

**Ceist 2**

Tá an-mhéadú ag teacht ar an tóir atá ar réim bia veigeánach; is gá réim bia mar sin a phleanáil go cúramach, áfach.

**(a)** Luaigh **trí** chothaitheach a d'fhéadfadh a bheith in easnamh i réim bia veigeánach agus tabhair breac-chuntas ar straitéis chun easnamh gach cothaithigh díobh a chosc. (18 marc)

**3 phointe @ 6 mharc (grádaithe 6:4:2:0)**

**(ainmnigh an cothaitheach 2 mharc (grádaithe 2:0) straitéis 1 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0) ) x3**

**Próitéin** bíodh meascán de bhia slánghráinneach san áireamh; tá HBV i bpónairí soighe; tá LBV sna léagúim, sa Quorn veigeánach, sna síolta & sna cnónna; dírigh ar luach comhlántach / breise na próitéine; srl.
**Cailciam** bain úsáid as táirgí treisithe; bíodh foinsí plandabhunaithe san áireamh; bíodh bianna san áireamh a bhfuil neart Vitimín D iontu; bíodh bianna fosfaracha san áireamh; seachain bianna a chuireann srian leis an ionsú; srl.
**Iarann** bíodh foinsí planda san áireamh; bídís measctha le bianna a bhfuil neart Vitimín C iontu; seachain bianna a chuireann srian ar an ionsú; srl.
**Vitimín D** bíodh bianna treisithe san áireamh; b'fhéidir go mbeadh gá le forlíontaí vitimín D; foinse is ea an ghrian chomh maith; srl.
**Vitimín B12** bíodh táirgí treisithe san áireamh; b'fhéidir go mbeadh gá le forlíontaí; srl.

**(b)** Leag amach sonraí bia malartach próitéine a ndearna tú staidéar air. (20 marc)
Bíodh tagairt agat dóibh seo a leanas:

- **ainm @ 2 mharc (grádaithe 2:0)**
- **céimeanna sa déantús 6 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

**Próitéin Glasraí Uigeach** déantar pónairí soighe a ghlanadh agus a ullmhú; baintear amach an ola; déantar iad a mheilt go plúr; cuirtear comhábhair leo; easbhrúitear iad agus cuirtear cruth leo; déantar iad a chócaráil agus a thriomú; cuirtear i bpacáiste iad; cuirtear lipéad orthu; srl.
**Míceaphróitéin** déantar fungais a choipeadh; cuirtear comhábhair leo; baintear iad; déantar iad a íonghlanadh agus a thriomú; cuirtear breiseáin agus cruth leo; déantar iad a ghalbhruith; cuirtear i gcruth táirgí/quorn iad; cuirtear i bpacáiste iad; cuirtear lipéad orthu; srl.
**Tófú** déantar bainne soighe a théachtadh; brúitear na gruthanna ina mbloic; cruthaítear uigeacht bhog cosúil le cáis; is féidir é a dheatú; cuirtear i bpacáiste é; cuirtear lipéad air; srl.
**Bainne soighe** déantar na pónairí soighe a ghlanadh; cuirtear ar maos in uisce iad; déantar iad a mheilt le huisce; déantar an meascán a théamh; scagtar é; cuirtear blas leis; d'fhéadfaí é a homaiginiú; déantar é a phaistéaradh, a steiriliú nó a thriomú; cuirtear i bpacáiste é; cuirtear lipéad air; srl.
**Iógart soighe** cuirtear saothrán baictéar neamhdhéiríochta le bainne soighe; measctar é; d'fhéadfaí siúcra a chur leis; déantar an meascán a théamh go dtí 30°C go 40°C; aistrítear an meascán chuig fleasc teirmis nó chuig déantóir iógairt leictreach; déantar é a ghoradh ar feadh 12 uair an chloig le coipeadh; d'fhéadfaí torthaí a chur leis; breiseáin; cuirtear i bpacáiste é; cuirtear lipéad air; srl.

**Teimpé** déantar pónairí soighe a ghlanadh, a chócaráil agus baintear na crotail; inslitear le spóir chaonaigh iad; cuirtear i gcoimeádáin iad; déantar iad a théamh go dtí 30$^{o}$C; fágtar ar feadh 24 uair an chloig iad le coipeadh; cuirtear i bpacáiste iad; cuirtear lipéad orthu; srl.
**Miso** déantar pónairí soighe a ghlanadh; déantar iad a ionaclú le caonach; cuirtear uisce agus salann leo; d'fhéadfaí rís nó eorna a chur leo chomh maith; ligtear dóibh coipeadh; cruthaítear taos; cuirtear i bpacáiste iad; cuirtear lipéad leo; srl.

**(c)** Luaigh conas a thugann Reachtaíocht an Aontais Eorpaigh (AE) cosaint don tomhaltóir maidir le breiseáin bhia. (12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**

Déantar breiseáin a thástáil; cuir liosta na mbreiseán faofa ar fáil; bíonn uimhir E ag gach breiseán faofa (seachas blastáin); is gá go mbeadh an uimhir E nó an t-ainm ar na lipéid; níor cheart go laghdódh na breiseáin an luach cothaitheach; ní féidir iad a úsáid le lochtanna a cheilt; níor cheart go gcuirfí an tomhaltóir ar míthreoir; ní mór an méid éifeachtach is lú agus is féidir a úsáid; srianta i mbianna áirithe; tá Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) freagrach as úsáid shábháilte na mbreiseán bia a chur i bhfeidhm; srl.

**Ceist 3**
Tá ról ag miocrorgánaigh agus ag einsímí i milleadh bia agus i dtáirgeadh bia.

**(a)** Pléigh ról einsímí maidir le milleadh bia. (15 mharc)

**3 phointe @ 5 mharc (grádaithe 5:3:0)**

**Ró-aibiú** déanann einsímí bia a aibiú; leanann einsímí ar aghaidh ag obair i ndiaidh an aibithe, éiríonn bia ró-aibí; lobhann an bia; srl.
**Donnadh einsímeach** nuair a dhéantar torthaí nó glasraí áirithe a ghearradh nó a scamhadh, scaoiltear ocsaíodáis; imoibríonn an t-ocsaíodáis leis an ocsaigin san aer (ocsaídiú); tarlaíonn donnadh dá bharr; srl.
**Meathlú einsímeach** einsímí in éisc is cúis le meathlú fiú i dteocht íseal; scaoiltear boladh bréan amach; d'fhéadfadh go ndéanfaí torthaí agus glasraí neamhbhánaithe a lot sa reoiteoir; déanann ocsaigin an t-einsím ocsaíodáis a ghníomhachtú agus is féidir leis vitimíní áirithe a scrios; srl.

**(b)** Ainmnigh múscán **amháin** agus tabhair sonraí faoi.
Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- **ainm 1 @ 2 (grádaithe 2:0)**
- **saintréithe/cur síos 3 phointe @ 3 mharc grádaithe (3:0)**
- **na tosca atá riachtanach le go bhfásfadh sé. 4 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:1:0)**

(23 marc)

| **Ainm** | **Saintréithe** |
|---|---|
| **Múscán** | Caonach sapraifíteach; hífe bhán; sporangia liath; déanann atáirgeadh gnéasach agus éighnéasach; teocht optamach 30 °C go 40 °C; srl. |
| **Riseapas** | Caonach sapraifíteach; mícéiliam bán clúmhach; sporangia dubh; déanann atáirgeadh gnéasach agus éighnéasach; teocht optamach 30 °C go 40 °C; srl. |
| **Penicillium** | Caonach sapraifíteach; glas-gorm le huigeacht phúdrach; teochtaí optamacha 20°C go 25°C; déanann atáirgeadh éighnéasach; srl. |
| **Aspeirgileas** | Caonach sapraifíteach; caonach dubh nó glas; teochtaí oiriúnacha 20°C go 25°C; déanann atáirgeadh éighnéasach; srl. |

**Na tosca atá riachtanach le go bhfásfadh sé**
**Bia** sapraifíteach, ag beathú ar arán, subh, cáis, torthaí; srl.
**Ocsaigin** Aeróbach, fásann ar dhromchla an bhia; srl.
**Teocht** Méisifiligh an chuid is mó díobh, moillíonn teocht níos ísle ná 15°C fás iontu, díghníomhaíonn an reo iad, déanann teocht níos airde ná 75°C caonach a scrios; srl.
**Taise** bíonn taise ag teastáil chun go bhfásfadh sé, bíonn an fás níos éifeachtaí i dtimpeallacht mheirbh; srl.
**Leibhéal pH** fásann caonaigh níos fearr i dtimpeallachtaí atá beagáinín aigéadach (pH 4 go pH 6), cuirfidh dálaí atá thar a bheith aigéadach nó dálaí alcaileacha bac ar fhás caonaigh; srl.
**Am** bíonn 24 go 48 uair an chloig ag teastáil chun go bhfásfadh sé agus go n-éireodh sé níos líonmhaire; srl.

**(c)** Déan measúnú ar úsáid miocrorgánach i dtáirgeadh bia. (12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:3:2:1:0)**

Táirgtear CO2 sa ghiosta, oibreán ardaithe san arán; déanann baictéir/lactobacilli iógart a choipeadh; cuireann baictéir blas ar salámaí; cuireann caonaigh/peinicilliam blas ar cháis; déanann fungais Quorn a choipeadh; srl.

**Ceist 4**
'Is rud maith úinéireacht tí do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus do phobail.' (*Tithíocht do Chách, 2021*)

**(a)** Déan anailís ar na tosca socheacnamaíochta a shocraíonn na roghanna tithíochta a bhíonn ag daoine a d'fhéadfadh a bheith ina gceannaitheoirí. (16 mharc)

**4 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**

Costas ceannaigh; suíomh, áiseanna; rátáil BER/ éifeachtúlacht fuinnimh; méid an teaghlaigh; aoiseanna na leanaí; riachtanais speisialta bhaill an teaghlaigh; an fhéidearthacht go mbainfear úsáid as amach anseo; stóráil; rogha phearsanta; áiseanna cianoibre; spás lasmuigh; féidearthacht infheistíochta; srl.

**(b)** Pléigh na coinníollacha a éilíonn institiúidí iasachtaí ar dhaoine a d'fhéadfadh a bheith ina gceannaitheoirí a chomhlíonadh sula mbeidh siad i dteideal morgáiste a fháil. (24 marc)

**4 phointe @ 6 mharc (grádaithe 6:4:2:0)**

téarma na hiasachta a bheidh le haisíoc ag iarrthóirí níos sine sa ghearrthéarma;
an méid atá le fáil ar iasacht; thart ar trí huaire go leith an tuarastal iomlán; éarlais - éarlais 10% ag teastáil ó cheannaitheoirí céaduaire;
ioncam - cruthúnas curtha ar fáil ar nós P60 nó duillíní tuarastail;
stair mhaith chreidmheasa; coigilteoir rialta; srl.

**(c)** Mínigh conas a thugann an tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí (1980) cosaint do thomhaltóirí nuair atá siad ag baint úsáide as seirbhísí leictreora sa bhaile. (10 marc)

**2 phointe @ 5 mharc (grádaithe 5:3:0)**

Tugann an tAcht conradh ina cheangal de réir dlí idir an tomhaltóir agus an trádálaí; is gá go mbeadh na hearraí a úsáidtear agus an tseirbhís oiriúnach don fheidhm atá acu; ní mór go mbeadh duine atá cláraithe a bhfuil na scileanna oiriúnacha acu i mbun na seirbhíse; bíodh árachas oiriúnach ann; aire agus dícheall cuí; ní mór teastas a chur ar fáil nuair a chuirtear i gcrích é; ní mór úsáid a bhaint as ábhair ardchaighdeáin; cearta maidir le cúiteamh; srl.

**Ceist 5**
Is struchtúir aitheanta shóisialta iad an pósadh agus teaghlaigh.

**(a)** Déan cur síos ar na hoibleagáidí dlíthiúla a ghabhann leis an bpósadh in Éirinn. (16 mharc)

**4 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**

**Os cionn 18** ní mór don bheirt pháirtithe a bheith os cionn 18 mbliana d'aois; srl.
**Acmhainn mheabhrach** is gá go mbeadh an acmhainn mheabhrach ag an mbeirt pháirtithe leis an bpósadh a thuiscint; tá an baol ann nach mbeadh a leithéid i gceist dá mbeadh duine amháin acu ar meisce, nó dá mbeadh lagú intinne orthu mar thoradh ar dhrugaí nó galar meabhrach; srl.
**Fógra** fógra trí mhí tugtha do shéipéal le haghaidh searmanais reiligiúnaigh; do chláraitheoir le haghaidh searmanais phósta shibhialta; srl.
**Ionad cláraithe** ní mór do shearmanais tarlú i bhfoirgneamh cláraithe; srl.
**Saor le pósadh** ní féidir le ceachtar den bheirt chéilí a bheith i bpósadh faoi láthair; is gá don bheirt pháirtí a bheith singil, a bheith mar bhaintreacha nó colscartha; srl.
**Ar bhonn deonach** ní féidir brú a chur ar na páirtithe pósadh in aghaidh a dtola; srl.
**Clárú bainise** is gá go ndéanfaí na póstaí a chlárú i ndiaidh an tsearmanais; srl.
**Gan gaol eatarthu** ní féidir leis na páirtithe a bheith gaolta lena chéile; ní féidir leo a bheith gaolta lena chéile trí phósadh; srl.

**(b)** Déan anailís ar an gcaoi a bhfuil tosca socheacnamaíochta tar éis tionchar a bheith acu ar róil athraitheacha na mball is sine de theaghlaigh i sochaí an lae inniu. (20 marc)

**5 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**

Athruithe i struchtúir an teaghlaigh; róil nach bhfuil chomh soiléir céanna; níl daoine atá níos sine ag brath chomh mór céanna ar a gcuid leanaí; tá seantuismitheoirí níos rannpháirtí sa chúram leanaí; is minic a mhúineann baill teaghlaigh níos sine meas do dhaoine óga; tacaíocht mhothúchánach a chur ar fáil; níos réchúisí le garpháistí agus is féidir leo a bheith mar eiseamláirí dearfacha dá ngarpháistí; tá méadú tagtha ar an tacaíocht a fhaigheann teaghlaigh le tuismitheoir amháin ó sheantuismitheoirí; méadú curtha le saolré; costas ard maireachtála agus cabhraíonn seantuismitheoirí le cúrsaí airgeadais; riachtanais a bhaineann le cúram leanaí; méadú ar theidlíochtaí cúram stáit do dhaoine níos sine; bíonn leanaí ag brath ar a dtuismitheoirí ar feadh tréimhse níos faide; srl.

**(c)** Luaigh cén fáth a bhfuil sé tábhachtach uacht a dhéanamh agus tabhair breac-chuntas ar an nós imeachta atá i gceist agus uacht á déanamh. (14 mharc)

**Cén fáth 2 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:0)**
**Nós Imeachta 5 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)**

**Cén fáth** suaimhneas intinne; bainfear amach torthaí mianta; seachnófar fadhbanna móra; tugtar réadmhaoin ar aghaidh dóibh siúd a roghnaíonn tú; d'fhéadfadh laghdú teacht ar an gcáin oidhreachta a íocann cleithiúnaithe; d'fhéadfaí socruithe sochraide agus adhlactha a chur san áireamh; srl.

**Nós Imeachta** d'fhéadfaí aturnae a fhostú; liosta sócmhainní a chur le chéile; sonraí na dtairbhithe a liostáil - ainmneacha, seoltaí, dátaí breithe; seiceadóir a cheapadh; sócmhainní/eastát a dháileadh; bíodh socruithe sochraide agus adhlactha san áireamh; déantar an uacht a dhréachtú; déantar é a shíniú agus beirt fhinnéithe i láthair; cuir is dtaisce in áit shábháilte í; srl.

## Roinn C

Freagair ceist **amháin** ar ábhar roghnach **nó** Ceist 4 (croí-ábhar), ar a n-áirítear **cuid (a)** agus **cuid (b) nó cuid (c)**

Má chuir tú isteach obair chúrsa i d*Teicstílí, Faisean agus Dearadh* le haghaidh an scrúdaithe, Is í ceist 2 amháin as an roinn seo a cheadaítear duit tabhairt fúithi.

**Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí – 80 marc**

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **1(a)** agus **1(b) nó 1(c)** a fhreagairt.

**1.(a)** 'Is féidir le feabhas teacht ar chothromaíocht na hoibre is an tsaoil nuair a bhítear ag obair as an mbaile in oifigí baile ar leithligh.' (*The Irish Times, 2021*)

**(i)** Sainaithin **trí** sheirbhís ghairmiúla a d'fhéadfadh cuidiú le daoine nuair a bhíonn an teach á athrú acu chun spás d'oifig bhaile a chur ann agus déan cur síos orthu.

(15 mharc)

**3 phointe @ 5 mharc an ceann (grádaithe 5:4:2:0)**

**Ailtire** tugann moladh i leith an tsuímh, dearadh an tí; déanann maoirseacht ar an tógáil; srl.
**Innealtóir struchtúrach/suímh**: déanann maoirseacht ar thógáil an tí agus tugann moladh i dtaca le fadhbanna tógála; srl.
**Suirbhéir** déanann suirbhéireacht ar an suíomh, déanann fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn a shainaithint agus molann réitigh orthu; srl.
**Aturnae** conarthaí; gníomhais teidil a lóisteáil le hinstitiúidí iasachtaí i gcás iasachta; íocaíochtaí a tharraingt; srl.
**Tógálaí** déanann conradh tógála a dhréachtú i dtaca leis na costais agus na dátaí críochnaithe; ullmhú an tsuímh; obair a ligean ar fochonradh do speisialtóirí; bíonn siad ag plé le liosta fadhbanna; srl.
**Dearthóir Intí; Ailtire Tírdhreacha; Leictreoir; Pluiméir; Measúnóir BER;** srl.

**(ii)** Mol clúdach oiriúnach urláir a d'fhéadfaí a úsáid in oifig bhaile.
Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- **ainm an chlúdaigh urláir 2 mharc (grádaithe 2:1:0)**
- **tosca le cur san áireamh nuair atá clúdach urláir á roghnú agat 4 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

  costas; feidhm an tseomra; éascaíocht chothabhála/ghlantacháin; aeistéitic; sábháilteacht; fo-urlár; srl.
- **airíonna 3 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:0)** (20 marc)

| Clúdach urláir | Airíonna |
|---|---|
| Tíleanna ceirmeacha | Buanfasach; éasca le glanadh; ní gá mórán cothabhála a dhéanamh orthu; bíonn siad crua faoi do dhá chois; smáldhíonach; dódhíonach; fuar; tarlaíonn scoilteanna/scealpóga iontu go héasca; srl. |
| Leac/cloch ghearrtha; cairpéad cloiche | Buanfasach; crua faoi do dhá chois; tagann scealpóga uaidh go héasca; etc. |

| | |
|---|---|
| Tíleanna slinne<br>slinn Shíneach | Buanfasach; te faoi do dhá chois; uigeacht mhíchothrom; beagáinín ionsúiteach; éasca le glanadh; srl. |
| Tíleanna marmair; tíleanna/leaca aolchloiche; | Fuar faoi do dhá chois; tagann scealpóga uathu go héasca; buanfasach; éasca le glanadh; ní gá mórán cothabhála a dhéanamh; crua faoi do dhá chois; srl. |
| Tíleanna mósáice | Buanfasach; fuar; éasca le glanadh; srl. |
| Adhmad - crua-adhmad m.sh. dair, mailp feá; bog-adhmad m.sh. péine, sprús;<br>Urlár iontlaise; srl. | Marthanach; ní gá mórán cothabhála a dhéanamh; tá an chuid is mó acu séalaithe cheana féin; torannach; fuar; tagann marcanna agus scríobthaí orthu go héasca; srl. |
| Vinil - leatháin nó tíleanna | Te agus bog faoi do dhá chois má bhíonn cúr ar chúl; braitheann an mharthanacht ar an tiús; loisceann nó leánn sé má chuirtear teas leis; éasca le glanadh agus le cothabháil; smáldhíonach; ciúin; srl. |
| Corc - leatháin nó tíleanna | Te faoi do dhá chois; seasmhach; póiriúil mar sin d'fhéadfadh smáil teacht air mura séalaítear é; srl. |
| Cairpéad - olann; níolón<br>poileistear; aicrileach; tíleanna cairpéid:<br>Fite/ heiseán ar chúl; dlaoitheach; srl. | Inslitheoir maith; maolaire maith torainn; neamhsciorrach; éasca cothabháil a dhéanamh air; bog faoi do dhá chois; buanfasach; srl. |
| Glac le: líonóil; coincréit; srl. | |

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar conas is féidir dath, patrún agus uigeacht a úsáid chun feabhas a chur ar an dearadh taobh istigh de sheomra. (15 mharc)

**3 phointe @ 5 mharc (grádaithe 5:3:0)**

**Dath** bundathanna, dathanna tánaisteacha, dathanna treasacha; dathanna teo, fuara, pastalacha agus neodracha; i gcodarsnacht le chéile; comhlántach; monacrómatach; scéim dhathanna chomhchuí; scáth, imir, ton; is féidir dath a úsáid chun seomraí a nascadh le chéile i dteach; comhréir seomra a athrú; aird a dhíriú ar ghnéithe deasa; atmaisféar a chruthú; b'fhéidir go mbeadh tionchar ag gné ar leith sa seomra ar an rogha datha; déanann dathanna geala solas a fhrithchaitheamh agus cuireann siad cuma níos mó ar an seomra; ionsúnn dathanna dorcha an solas agus cuireann siad cuma níos cluthaire ar an seomra; srl.
**Pátrún** cuireann éagsúlacht agus codarsnacht leis; cuireann spéis leis; scála mór; pátrúin ar scála beag; pátrúin láidre; pátrúin líneacha; srl.
**Uigeacht** cuireann spéis leis, mín/garbh, fuar/te; uigeachtaí i gcodarsnacht le chéile; neamhlonrach; lonrach; srl.

**agus**

**1.(b)** 'Tá an-tábhacht ag baint le haerú ceart.' (*seai.ie*)

**(i)** Déan cur síos ar na slite a dtéann droch-aerú i bhfeidhm sa teach. (12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**

Aer stálaithe; leibhéil arda taise; comhdhlúthú; bolaithe a mhaireann; drochdhóchán; carnadh aonocsaíd charbóin; ganntanas ocsaigine; dé-ocsaíd charbóin mhéadaithe; cuireann le hasma, broincíteas; damáiste struchtúrach - taise, fás caonaigh; seomra plúchta; srl.

**(ii)** Mol modh saorga aeraithe **amháin** a bheadh oiriúnach do chistin.
Mínigh bunphrionsabal an mhodha seo. (18 marc)

**Ainmnigh 2 mharc (grádaithe 2:1:0), bunphrionsabal 4 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**

Modhanna saorga
**Eastarraingteoir** osclaíonn na comhlaí nuair a chuirtear an gaothrán ar siúl; casann an mótar leictreach na lanna; cruthaítear súchán leis an gcasadh; déantar an t-aer stálaithe a tharraingt as an seomra; cuirtear aer úr ina áit; dúnann na comhlaí nuair nach mbíonn siad in úsáid; srl.
**Húda an chócaireáin** casann mótar leictreach an gaothrán; cruthaíonn gaothrán ardluais súchán; tarraingítear aer gréisceach, te, lán le bolaithe isteach; seoltar aer duchtaithe amach lasmuigh; ionsúnn an scagaire an ghréisc;
déanann na scagairí éaduchtacha múch a bhaint agus gréisc a ionsú; déanann an t-aer a íonghlanadh; seolann an t-aer ar ais isteach sa seomra; srl.
**Córas aerála modhnaithe le haisghabháil teasa -** tá aonad aerála lagfhuinnimh suite san áiléar; déantar aer tais stálaithe a bhaint ón teach trí dhuchtanna síleála; seoltar an t-aer a thagann isteach trí scagairí laistigh den aonad aerála chun truailleáin a bhaint; cuirtear trí mhalartóir teasa é laistigh den aonad cumhachta aerála; déantar aer te, glan, scagtha a scaipeadh mórthimpeall an tí trí shraith duchtanna chuig gach seomra; srl.

**nó**

**1.(c)** 'Is inár dtithe a ídítear 25% den fhuinneamh a ídítear in Éirinn.' (*seai.ie*)

**(i)** Leag amach sonraí an fhuinnimh ghréine mar fhoinse d'fhuinneamh in-athnuaite sa teach. Déan tagairt dóibh seo a leanas: (18 marc)

- **córas a úsáidtear sa teach chun leas a bhaint as fuinneamh gréine 2 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

**Córas ghréine fótavoltacha**, déantar solas na gréine a ionsúitear sna painéil ghréine a athrú go leictreachas agus úsáid á baint as ábhair leathsheoltóra; cadhnra gréine PV srl.
**Ailtireacht ghréine éighníomhach**, teach a threoshuíomh ó dheas/siar ó dheas agus fuinneoga móra gloine a shuiteáil chun solas na gréine a ligean isteach a oiread agus is féidir; srl.
**Griantéamh gníomhach/painéil ghréine**, solas na gréine/teas na gréine ionsúite ag painéil ghréine agus athraithe go fuinneamh a dhéanann an t-uisce te a théamh; srl

- **na buntáistí a bhaineann le fuinneamh gréine a úsáid 3 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

**Buntáistí -** bíonn uisce te ar fáil i gcónaí chun áiteanna a théamh agus le húsáid sa teach; costais teasa laghdaithe; ní bhíonn solas díreach na gréine ag teastáil ó chineálacha áirithe - is féidir leo feidhmiú ar fhuinneamh ón ngaoth, ón mbáisteach nó ón ngrian; billí laghdaithe leictreachais agus costais oibrithe ísle m.sh. seirbhísiú; ní scaoiltear deatach nó astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin; srl.

- **inbhuanaitheacht 1 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

**Inbhuanaitheacht** - is foinse in-athnuaite fuinnimh í an ghrian; d'fhéadfadh sí soláthar a chur ar fáil do sciar mór de riachtanais fuinnimh an domhain le haghaidh tréimhse gan teorainn; srl.

**(ii)** Mínigh, agus sampla á thabhairt agat, bunphrionsabal modh inslithe a úsáidtear sa teach. (12 mharc)

**Bunphrionsabal 2 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**
**Sampla @ 4 mharc (grádaithe 4:0)**

**An Bunphrionsabal**
Aer, polaistiréin, snáithínghloine, olann, is drochsheoltóirí teasa iad snáithíní ceallalósacha; cuireann siad bac ar an teas éalú; tá airíonna iontacha inslithe acu; seolann siad an teas ar ais isteach sa teach; srl.
**Samplaí**
snáithínghloine; cúr; ballaí cuais - aer; polaistiréin; olann; fobhrat; cairpéad; gloiniú dúbailte/triarach; díonach ar shéideáin; cuirtíní troma líneáilte; fuinneoga tánaisteacha; sorcóir inslithe go buan; seaicéad fálaithe; muinchillí cúir scartha; srl.

**Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh – 40 marc**

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **2(a)** agus **2(b) nó 2(c)** a fhreagairt.

**2.(a)** 'Is é atá i gceist le néata neamhfhoirmeálta ná cónascadh dhá ghnás feistis atá an-difriúil le chéile.' (*Louis Copeland*)



(*www.shutterstock.com*)

**(i)** Déan measúnú ar dhearadh na bhfeisteas a thaispeántar san íomhá thuas.
Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- compord
- tarraingt aeistéitiúil
- stíl mhaireachtála (15 mharc)

**3 phointe @ 5 mharc an ceann (grádaithe 5:3:0)**

**Compord** - bríste scaoilte; éadach bog sa t-léine; ábhair ionsúite; cnaipí ar léine; casóg neamhfhoirmeálta; bróga reatha compordacha; srl.
**Mealltacht aeistéitice** - mealltach do dhaoine gairmiúla; d'fhéadfaí é a chaitheamh le linn am saor chomh maith; cuma réchúiseach; srl.
**Stíl mhaireachtála -** is féidir stíl néata a chaitheamh ag obair agus le linn am saor; is féidir í a chaitheamh ag an-chuid ócáidí gan aon ghá na héadaí a athrú; níos áisiúla; bróga reatha don chompord agus le cuma neamhfhoirmeálta a chur ar an bhfeisteas; srl.

**(ii)** Pléigh conas is féidir dath a úsáid chun an chuma is fearr a chur ar mhéid agus ar chruth an choirp. (10 marc)

**2 phointe @ 5 mharc (grádaithe 5:3:0)**

**Dath** - gléasadh tonúil i.e. d'fhéadfadh tionchar ar leith a bheith ag imreacha éagsúla den dath céanna a chaitheamh mar go gcuireann sé doimhneacht in iúl; déanann dathanna dorcha ar nós dúghorm agus dubh solas a ionsú a dhíríonn aird ar scáthchruth duine; má ghléastar sa dath céanna, is féidir cuma níos airde a chur ort féin; dathanna i gcodarsnacht le chéile; dathanna ag teacht le chéile; cuireann dathanna áirithe cuma níos tarraingtí ar dhath gruaige, súl agus craicinn duine; dath moltach is ea an dath gorm den chuid is mó.

**agus**

**2.(b)**

**(i)** Idirdhealaigh idir snáithíní athghinte agus snáithíní sintéiseacha. (6 mharc)

**2 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

**Athghinte** cruthaithe trí cheallalós na snáithíní planda a thuaslagadh i gceimiceáin agus snáithín a dhéanamh díobh arís; srl.
**Sintéiseach** polaiméir; ó ola, ó ghual nó ó cheimiceáin eile bunaithe ar phrótacal; 100% ceimiceán; srl.

**(ii)** Mínigh modhnú filiméid agus **dhá** shampla á dtabhairt agat. (9 marc)

**Mínigh - 1 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:0)**
**Samplaí - 2 @ 3 mharc (grádaithe 3:0)**

Teicnící a úsáidtear chun airíonna éadaigh a athrú nó a fheabhsú; srl.
Samplaí: cumasc; filltíní a chur ann; casadh; *mercerisation;* cíoradh; dódhíonach; smáldhíonach; uisce-éarthach; srl.

**nó**

**2.(c)** Bíonn tionchar láidir ag feidhmiúlacht agus tarraingt aeistéitiúil ball éadaigh ar a dhearadh.

**(i)** Déan cur síos ar mhodh **amháin** le patrún tráchtála a mhionathrú le go mbeidh sé in oiriúint do riachtanais shainiúla duine aonair.

(9 Mharc)

**3 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

Fad a chur leis - gearr trí línte athraithe agus cuir páipéar síoda isteach iontu; tarraing na línte fuála/feistithe arís;
giorraigh - cuir filleadh feadh líne athraithe amháin; leath an mhéid a theastaíonn uait a laghdú; athraigh na coimlínte, cuir na leasuithe i gcrích, ar na línte cromán, na muinchillí, ar an mbrollach; srl.

**(ii)** Pléigh conas a d'imir ceirdeanna traidisiúnta tionchar ar thionscal dearaidh agus faisin na hÉireann.

(6 mharc)

**2 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

Fíodóireacht agus cniotáil de láimh; cótaí cniotáilte le greamanna traidisiúnta Árann; línéadach Éireannach de mheáchain éagsúla in úsáid i mbarréidí agus i sciortaí samhraidh agus i gcótaí agus i seaicéid níos troime; déanamh lása agus cróiseáil a fheictear go minic i ngúnaí bainise; srl.

**Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta – 80 marc**

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **3(a) agus 3(b) nó 3(c)** a fhreagairt.

**3.(a)** De réir shonraí na Príomh-Oifige Staidrimh, measadh go raibh, 216 959 duine as obair nó ag fáil Íocaíocht Dífhostaíochta Phaindéime an rialtais i mí na Samhna 2021. (*www.cso.ie*)

**(i)** Sainmhínigh dífhostaíocht. (6 mharc)

**1 phointe @ 6 mharc (grádaithe 6:3:0)**

Tarlaíonn dífhostaíocht nuair nach mbíonn post ag duine a bhfuil aois oibre bainte amach acu; duine atá ar fáil chun a bheith ag obair; atá ag lorg oibre; srl.

**(ii)** Déan plé orthu seo a leanas mar thosca a chuireann leis an dífhostaíocht in Éirinn. (20 marc)

**5 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**

1 phointe ar gach ceann agus 2 phointe eile

Déan tagairt dóibh seo a leanas:

**riachtanais an tionscail atá ag athrú**

uathoibriú méadaithe; comhlachtaí nua teicneolaíochta; domhandú; cúlú eacnamaíochta; athruithe ar an riachtanas scileanna; srl.

**suíomh tíreolaíochta**

athruithe i gcúrsaí fostaíochta i réigiúin éagsúla; bíonn an baol ann go dtarlódh a thuilleadh dífhostaíochta i gceantair a bhfuil ráta ard dífhostaíochta iontu cheana féin, de réir mar a thréigeann daoine an ceantar ar thóir oibre in áiteanna eile. Dúnann siopaí agus seirbhísí dá bharr; obair shéasúrach; srl.

**leibhéal an éilimh ó thomhaltóirí ar tháirgí agus ar sheirbhísí.**

tá laghdú tagtha ar an éileamh atá ar tháirgí na hÉireann mar gheall ar an bhfáil atá ar earraí iompórtáilte níos saoire; tá laghdú tagtha ar an éileamh atá ar sheirbhísí mar go mbíonn níos lú airgid á chaitheamh ag daoine dífhostaithe; bíonn ar dhaoine srian a chur ar a gcuid caiteachais mar go bhfuil ísliú tagtha ar an ioncam acu agus laghdú tagtha ar an gcumhacht chaiteachais acu dá bharr; tá tionchar ag an bhfáil atá ar shaoirí thar lear ar phraghsanna réasúnta ar an turasóireacht in Éirinn; tá an tsiopadóireacht ar líne mar rogha níos saoire seachas táirgí a cheannach go háitiúil, srl.

**(iii)** Déan cur síos ar na slite a dtéann dífhostaíocht i bhfeidhm ar an tsochaí. (12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**

Tá leanaí gann ar eiseamláirí ó thaobh na fostaíochta de agus gann ar eitic dhearfach oibre; tagann forbairt ar phátrún na dífhostaíochta le himeacht na nglúnta; d'fhéadfadh iompar frithshóisialta a bheith mar thoradh ar an leadrán - mí-úsáid drugaí nó alcóil, loitiméireacht agus coiriúlacht; tagann droch-cháil ar cheantair áirithe; ceantair ard-dífhostaíochta; cuirtear iallach ar dhaoine ceantar a fhágáil sa tóir ar fhostaíocht; bíonn drochthionchar ag laghdú daonra ar ghnóthaí agus ar sheirbhísí eile - d'fhéadfadh a thuilleadh dífhostaíochta a bheith mar thoradh air; bíonn costais níos airde ar an stát maidir le híocaíochtaí leasa sóisialaigh mar thoradh ar rátaí dífhostaíochta níos airde; srl.

**(iv)** Ainmnigh tionscnamh reachtúil **amháin** a bhfuil sé mar aidhm aige fostaíocht a chruthú agus tabhair breac-chuntas ar conas a chuidíonn sé le roghanna fostaíochta a fheabhsú.

(12 mharc)

**Ainmnigh 4 mharc (grádaithe 4:2:0), mínigh 2 phointe @ 4 mharc an ceann (grádaithe 4:2:0)**

**An Plean Gníomhaíochta um Poist:** oibríonn gníomhaireachtaí agus ranna rialtais i gcomhar le chéile; tugann tacaíocht do phoist bhreise; spreagann an geilleagar inmheánach; cruthaíonn fostaíocht in earnálacha trádála; méadaíonn scaireanna ón margadh easpórtála; srl.

**An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (GFT) -** Éire a chur chun cinn i measc infheisteoirí eachtracha; cuireann tacaíocht ar fáil d'infheisteoirí eachtracha féideartha; deontais airgeadais; cruthaíonn naisc idir tionscail, gnóthaí, soláthraithe seirbhíse, institiúidí oideachais áitiúla; srl.

**SOLAS**: múineann scileanna breise dóibh siúd atá dífhostaithe; cláir phrintíseachta; oiliúint CV agus teacht ar dheiseanna fostaíochta; srl.

**An tÚdarás Náisiúnta um Breisoideachas agus Oiliúint**; freagrach as cúrsaí maoinithe, cúrsaí pleanála agus cláir oiliúna agus bhreisoideachais a chomhordú i gcomhar le Boird Oideachais agus Oiliúna (ETBs); cuireann cláir fostaíochta agus oiliúna bunaithe ar an bpobal ar fáil atá dírithe ar an dífhostaíocht fadtéarmach; srl.

**JobsPlus / Revenue Job Assist** spreagadh don fhostóir; tugann sé spreagadh agus cúiteamh d'fhostóirí a fhostaíonn cuardaitheoirí poist ar an mbeochlár; tá sé mar aidhm aige an timthriall a bhriseadh gur gá go mbeadh taithí ag an té a fhostaítear, ach nach bhfuil in ann an taithí sin a fháil mar gheall nach bhfuil post acu; srl.

**Fiontraíocht Éireann** freagrach as an bhforbairt agus as an bhfás a thagann ar fhiontair Éireannacha i margaí an domhain; cuireann forbairt thionscal bia na hÉireann chun cinn; cabhraíonn le gnóthaí agraibhia; cuireann deontais taighde ar fáil; srl.

**Údarás na Gaeltachta** cuireann deontais ar fáil le gnóthaí a fhorbairt i gceantair Ghaeltachta; cuireann maoiniú ar fáil do ghrúpaí pobail ar mhaithe leis an traenáil agus leis an uasoiliúint; srl.

**Clár Socrúcháin Taithí Oibre** tugann sé an deis do dhaoine nach raibh post acu riamh nó a chaill a bpost taithí oibre a fháil; cuireann deis ar fáil daoine a chur faoi oiliúint arís i ról nua agus iad ar thaithí oibre in eagraíocht óstach; idir aois 18 go 65 bliain d'aois; dífhostaithe le sé mhí anuas; íocaíocht cháilithe leas sóisialta á fáil acu; srl.

**Oifigí na bhFiontar Áitiúil** tacaíonn le gnólachtaí nuathionscanta; déanann forbairt ar ghnóthaí atá ann cheana; cuireann oiliúint ar fáil; cuireann deontais ar fáil; soláthraíonn seirbhís mheantóireachta; srl.

**agus**

**3.(b)** 'Tá sé de cheart ag gach duine sos a ghlacadh agus caitheamh aimsire a chleachtadh.'
(Na Náisiúin Aontaithe, Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine)

**(i)** Déan anailís ar conas a bhaineann daoine óga tairbhe as bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí fóillíochta (caitheamh aimsire). (12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**

Cuireann ar chumas daoine óga sos a ghlacadh agus a scíth a ligean; cuireann feabhas ar an tsláinte fhisiciúil; forbraíonn scileanna nua; cuireann tús le dúshláin a thugann sásamh do dhaoine agus atá go maith don tsláinte; ligtear do dhaoine óga caidrimh a bhunú lena chéile; spreagann caidrimh shóisialta; spreagann stíl mhaireachtála shláintiúil; cabhraíonn le daoine an scoiteacht agus an t-uaigneas a sheachaint; obair foirne; srl.

**(ii)** Ainmnigh **dhá** áis fóillíochta a ndearna tú staidéar orthu agus déan measúnú orthu. Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- **costas agus luach ar airgead**
- **raon na n-áiseanna a chuirtear ar fáil.** (18 marc)

**(Ainmnigh 1 mharc, costas 1 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0), luach ar airgead 1 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0), áiseanna 2 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0) ) x2**

**Ainmnigh** - clubanna spóirt m.sh. CLG; rugbaí; snámh; leadóg; galf; cnocadóireacht; seoltóireacht; srl.
Ranganna aclaíochta m.sh giomnáisiam; ióga; Pilates; rince; srl.
Ranganna tráthnóna m.sh. péinteáil; cócaráil; ceol; srl.
Cultúr - pictiúrlann; clubanna leabhar; srl.
**Costas** - costais tosaigh - táillí ballraíochta; costais leanúnacha - trealamh speisialta, éadaí; srl.
**Luach ar airgead** - méid úsáid/rochtana; rátaí teaghlaigh; lascainí speisialta; buntáistí breise m.sh. cead isteach saor in aisce chuig comórtais; is féidir le cara/comhghleacaí páirt a ghlacadh ar tháille íslithe; srl.
**Áiseanna** - ranganna/teagasc comhairle ghairmiúil; trealamh curtha ar fáil; páirceanna le haghaidh cluichí /tuilsoilse/uile-aimsire; áiseanna gléasta; ceaintín/beár; srl.

**nó**

**3.(c)** Cuireann córas oideachais na hÉireann oideachas iomlánaíoch ar fáil do leanaí.

**(i)** Déan anailís ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar ghnóthachtáil oideachais leanaí scoile. (16 mharc)

**4 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**

Meon tuismitheora i leith an oideachais; méid an teaghlaigh; timpeallacht an bhaile; comharsanacht; timpeallacht scoile; cumas intleachtúil; piaraí; fáil ar acmhainní agus ar áiseanna; srl.

**(ii)** Déan measúnú ar **dhá** thionscnamh a bhfuil sé mar aidhm acu comhionannas deise san oideachas a chur ar fáil, agus bíodh tagairt agat dóibh siúd a fhágann an scoil go luath. (14 mharc)

**(ainmnigh 3 mharc (grádaithe 3:2:0), cur síos 1 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0) ) x2**

**Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (DEIS)** plean gníomhaíochta deartha le líon na ndaoine a fhágann an scoil go luath a laghdú, cuireann na scoileanna atá ag glacadh páirte clár críochnaithe scoile ar fáil le tionscnaimh éagsúla ar nós clubanna obair bhaile, tacaíochtaí i ndiaidh na scoile agus cláir mheantóireachta, cláir béilí scoile, fáil ar sheirbhísí idirghabhálaithe na scolaíochta baile, feabhas ar dheontais leabhar scoile; srl.
**Tacaíocht Foghlama** tarraingt amach as an rang le haghaidh teagaisc bhreise le múinteoirí acmhainne; srl.
**Cúntóirí Riachtanas Speisialta/Cúntóirí Tacaíochta Ionchuimsitheachta** cúnamh duine ar dhuine sa rang; srl.
**Acmhainní breise** m.sh. ríomhaire glúine; léitheoir/scríobhaí sna scrúduithe nó am breise leis an scrúdú a chríochnú; cóimheas níos ísle idir daltaí agus múinteoirí; spás ilchéadfach; scoileanna do leanaí atá idir 5 agus 18 mbliana d’aois a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu; scoileanna do leanaí lagamhairc nó lagéisteachta; múinteoirí ar cuairt srl.
**Tusla** tugann spreagadh agus tacaíocht do thinreamh scoile; tugann oifigeach leasa oideachais tacaíocht do rannpháirtíocht agus do thinreamh linbh agus déanann monatóireacht orthu; cinntíonn go mbíonn teacht acu ar thacaíochtaí; srl.
**Sochair leasa shóisialaigh** liúntas éadaí agus bróg le filleadh ar scoil; srl.
**Cláir oideachais éagsúla ar fáil** JC; an Idirbhliain; LCA; LCVP; VTOS; FETAC; PLC; Ionaid Traenála don Lucht Siúil; Youthreach; clubanna obair bhaile; srl.

**Ceist 4 - Croí ábhar - 80 marc**

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an cheist seo **4(a) agus 4(b) nó 4(c)** a fhreagairt.

**4.(a)** 'Níl sé maith don timpeallacht bia a chur amú agus níl sé maith dár bpócaí.' (*www.safefood.net*)

**(i)** Déan plé ar an tábhacht chothaitheach a bhaineann le glasraí sa réim bia. (20 marc)

**5 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:3:2:1:0)**

**Próitéin** 1-8%, LBV; fréamhacha, soláthraíonn pónairí soighe próitéin HBV, riachtanach don fhás agus don chneasú; srl.
**Saill** 0%; gann ar shaill; tá ológa agus pónairí soighe mar eisceachtaí - tá saill il-neamhsháithithe sa dá cheann acu; riachtanach le cillscannáin a chruthú, laghdaíonn siad an baol a bhaineann le CHD; srl.
**Carbaihiodráit** 3-20%, snáithín, coisceann neamhoird phutóige; cuireann stáirse teas agus fuinneamh ar fáil; teas agus fuinneamh siúcra; srl.
**Vitimíní** déanann vitimín A ródoipsin, a choimeádann na cillscannáin líneála sláintiúil; coimeádann sé an craiceann agus an ghruaig sláintiúil agus cabhraíonn sé leis an bhfás a rialú; B6 (pireadocsaín) scaoileadh fuinnimh ón mbia; forbairt foláite na hinchinne & chorda an dromlaigh, cuireann feabhas ar an gcóras imdhíonachta; vitimín C, frithocsaídeoir, feabhas ar an gcóras imdhíonachta; Vitimín K téachtadh fola sláintiúil; srl.
**Mianraí** - cailciam cnámha agus fiacla láidre; iarann - iarann neamh-haeim a chuireann haemaglóibin ar fáil; coimeádann potaisiam cothromaíocht sna sreabháin, gníomhaíocht shláintiúil néaróige agus matáin; cabhraíonn sinc le cealla agus einsímí nua a dhéanamh; déanann iaidín an mheitibileacht a rialú; cabhraíonn maignéisiam le feidhmiú matán; srl.
**Uisce** 70-95%, hiodráitiú; srl.

**(ii)** Tabhair cuntas ar mhodh leasaithe sa bhaile a bheadh oiriúnach do ghlasraí.
Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- ainm an mhodha leasaithe **3 mharc (grádaithe 3:0)**
- an bunphrionsabal **3 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**
- pacáistiú oiriúnach **1 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)** (18 marc)

**Reo** déantar einsímí a ghníomhú má bhánaítear bia sula reoitear é; baint an aeir; má bhaintear an teas cuirtear cosc ar ghníomhaíocht einsímí agus ar fhás miocróbach: reoigh ag -25°C, déantar criostail bheaga oighir a chruthú ionas nach mbíonn teacht ag baictéir ar an leacht; déan stóráil ag -18°C; ní thagann athrú ar dhath/bhlas/uigeacht; ní chailltear ach fíorbheagán den luach cothaitheach; srl.
**Buidéalú** déanann steiriliú ag teochtaí arda scrios ar einsímí agus ar mhiocrorgánaigh; cruthaíonn an clúdach folús a chuireann cosc ar aer agus ar mhiocrorgánaigh teacht ar ais isteach; cailltear dath, blas mar gheall ar an teocht ard; srl.
**Díhiodráitiú** déantar é a théamh chun an taise a bhaint; tagann méadú ar dhlús an tsiúcra/an tsalainn; ní féidir le miocrorgánaigh dul i líonmhaireacht; seilfré fhada nuair a dhéantar é a stóráil i gceart in áit fhionnuar, thirim atá aeráilte go maith; srl.
**Seatnaí/anlann goinbhlasta** cruthaíonn leasaithigh cheimiceacha tuaslagán tiubhaithe sa bhia trí osmóis; déanann an teas baictéir a scrios agus einsímí a dhíghníomhachtú; déanann aigéid an pH a ísliú chuig leibhéal do-ghlactha chomh fada agus a bhaineann le fás miocrorgánach agus gníomhaíocht einsímí; cruthaíonn an clúdach folús a chuireann cosc ar aer agus ar mhiocrorgánaigh teacht ar ais isteach; srl.

**Picilt** scriostar baictéir agus déantar einsímí a dhíghníomhachtú má dhéantar glasraí a bheiriú ag 100°C; déanann fínéagar an leibhéal pH a ísliú, cuireann an timpeallacht aigéadach cosc ar an bhfás miocrorgánach agus déanann einsímí a dhíghníomhachtú; cruthaíonn an clúdach folús a chuireann cosc ar aer agus ar mhiocrorgánaigh teacht ar ais isteach; srl.

**Pacáistiú** láidir; galdíonach; taisdíonach; málaí reoiteora poileitéine; coimeádáin phlaisteacha; prócaí gloine; srl. Glac leis an bpacáistiú ceart don mhodh roghnaithe; srl.

**(iii)** Déan measúnú ar an ionradaíocht mar mhodh leasaithe tráchtála bia. (12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**

Buntáistí: scriosann baictéir a bhíonn mar chúis le nimhiú bia; scriosann seadáin; scriosann einsímí; seilfré níos faide; cuireann moill ar aibiú agus ar phéacadh i dtorthaí agus i nglasraí; éifeacht fíorbheag ar dhath, ar bhlas, ar uigeacht an bhia; srl
Míbhuntáistí: mar chúis le bréine; cailltear grúpa vitimín B- agus vitimín C; leibhéil arda radaíochta ag teastáil le miocróib áirithe a scrios; srl.

**agus**

**4.(b)** 'Fiú má tá tú ar aiste theoranta bia, ní cóir go mbeadh eispéireas teoranta bia agat.' (*www.delicious.ie*)

**(i)** Déan cur síos ar na treoirlínte cothaithe is cóir do dhuine a bhfuil galar céiliach air/uirthi a leanúint.

**3 phointe @ 5 mharc (grádaithe 5:3:0)** (15 mharc)

Ná bíodh bia ar bith le glútan san áireamh; arbhar, d'fhéadfaí rís a chur san áireamh; bíodh táirgí atá saor ó ghlútan san áireamh; bunaigh an aiste bia ar bhianna atá saor ó ghlútan go nádúrtha; scrúdaigh liosta na gcomhábhar ar lipéid bhianna; bí ag faire amach don tsiombail saor ó ghlútan agus tú ag siopadóireacht; srl.

**(ii)** Déan anailís ar an méadú atá ag teacht ar an éileamh ar shainbhianna atá á dtáirgeadh ag mionghnólachtaí in Éirinn.

(15 mharc)

**3 phointe @ 5 mharc (grádaithe 5:3:0)**

Úsáid na gcleachtas inbhuanaithe; bia a tháirgtear go horgánach; laghdú ar an mbia-aistear; bíonn teorainn le méid na mbianna speisialtachta a tháirgtear; bain úsáid as scileanna traidisiúnta; tacaigh le táirgí/táirgeoirí áitiúla; cuir fostaíocht ar fáil do dhaoine áitiúla agus bíodh fórsa saothair láidir sa mhargadh agat; déan bia speisialtachta ardchaighdeáin a tháirgeadh; cuir ardchaighdeán sláinteachais i bhfeidhm sa phróiseas táirgthe; déan an ceantar ina bhfuil siad lonnaithe a chur chun cinn; tabhair spreagadh d'íomhá na hÉireann mar tháirgeoir bia agus dí ardchaighdeáin; srl.

**nó**

**4.(c)** Tá teicneolaíocht tí ina cuid lárnach dár saol anois.

**(i)** Leag amach sonraí staidéir a rinne tú ar fhearas ina bhfuil eilimint téimh. Déan tagairt dóibh seo a leanas:

Ainm **2 mharc (grádaithe 2:0)**

- déanamh **3 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2: 1: 0)**
- an prionsabal oibre **3 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)**
- treoirlínte lena úsáid **2 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)** (18 marc)

**Citeal**
**Déanamh**- Déanta as cruach dhosmálta, cróm, gloine nó plaisteach daite; méideanna éagsúla; cruthanna éagsúla; clúdach; sconna; gaothaire; táscaire leibhéil uisce; scagaire; hanla teasdíonach; lasc air/as; eilimint leictreach; teirmeastat; cábla/plocóid/bonn; citil a fhiuchann go ciúin; gné a choimeádann te é; srl.
**An prionsabal oibre** - sreabhann leictreachas trí eilimint nuair a bhíonn sé plugáilte isteach; cuireann an eilimint friotaíocht ar fáil, agus téann sé trí sheoladh dá bharr; déanann an eilimint téite an t-uisce a théamh trí shruth comhiompair; déanann an teirmeastat sruth an leictreachais a mhúchadh go huathoibríoch nuair a bhaineann an t-uisce an teocht riachtanach amach; srl.
**Treoirlínte lena úsáid** - cuir ar siúl é agus do chuid lámha tirim; bain amach an phlocóid sula líonann tú é; bain úsáid as na treoracha íosleibhéil agus uasleibhéil; ná líon ró-ard é; fiuch an méid atá uait amháin; lig dó fuarú sula líonann tú arís é; glanadh; srl.

Glac le domhainfhriochtóir, aerfhriochtóir; fiuchtóir uibheacha, gríoscán, tóstaer, déantóir ceapairí tóstáilte, meaisín níocháin, miasniteoir, iarann, srl.

**(ii)** Pléigh na tosca a imríonn tionchar ar chinnteoireacht tomhaltóirí nuair atá fearais mhóra tí á gceannach acu. (12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**

Costas tosaigh; costais oibrithe; airgeadas ar an láthair; costais chothabhála; branda/déantóir an fhearais; éifeachtúlacht fuinnimh; leibhéal torainn; spás atá ar fáil; gnéithe; éascaíocht an ghlantacháin; seirbhís iardhíola; léiriú ar an láthair; fógraíocht; tairiscintí speisialta; moltaí; tionchairí; sábháilteacht; riachtanais an duine/teaghlaigh; dearadh, dath, stíl; marthanacht; ráthaíocht; srl.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 240 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 240 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 180 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 181 - 183 | 17 |
| 184 - 186 | 16 |
| 187 - 190 | 15 |
| 191 - 193 | 14 |
| 194 - 196 | 13 |
| 197 - 200 | 12 |
| 201 - 203 | 11 |
| 204 - 206 | 10 |
| 207 - 210 | 9 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 211 - 213 | 8 |
| 214 - 216 | 7 |
| 217 - 220 | 6 |
| 221 - 223 | 5 |
| 224 - 226 | 4 |
| 227 - 230 | 3 |
| 231 - 233 | 2 |
| 234 - 236 | 1 |
| 237 - 240 | 0 |

## *Tábla 200 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 200 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 150 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 151 - 153 | 14 |
| 154 - 156 | 13 |
| 157 - 160 | 12 |
| 161 - 163 | 11 |
| 164 - 166 | 10 |
| 167 - 170 | 9 |
| 171 - 173 | 8 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 177 - 180 | 6 |
| 181 - 183 | 5 |
| 184 - 186 | 4 |
| 187 - 190 | 3 |
| 191 - 193 | 2 |
| 194 - 196 | 1 |
| 197 - 200 | 0 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 174 - 176 | 7 | | | |

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

# Obair Chúrsa sa Staidéar Bia

# Aistriúchán Ar Scéim Mharcála

*Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.*
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt. Caithfear faisnéis a chur i láthair faoi na cinnteidil cuí.*

**Tábla na nGrád**

| Grád | Bandaí |
|---|---|
| **1** | **144-160** |
| **2** | **128-143** |
| **3** | **112-127** |
| **4** | **96-111** |
| **5** | **80-95** |
| **6** | **64-79** |
| **7** | **48-63** |
| **8** | **≤ 47** |

# Critéir Ghinearálta Mharcála don Obair Chúrsa Phraiticiúil sa Staidéar Bia

| **Fiosrúchán: Anailís/Taighde** | **32 marc** |
|---|---|

**Taighde agus anailís** **(24 marc)**

***Banda A 19 - 24 marc*** (*an-mhaith - ar fheabhas*)
***Fiosrúchán***

- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht chríochnúil*** *agus* ***anailís chuimsitheach*** *ar na saincheisteanna* ***go léir*** *agus ar na cúinsí a bhaineann go díreach le príomhriachtanais an taisc*
- *atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón thaighde mar bhonn leis na roghanna cuí nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

***Banda B 13 - 18 marc*** (*an-ábalta - go maith*)
***Fiosrúchán***

- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht*** *agus roinnt* ***anailíse*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón thaighde mar bhonn leis na roghanna cuí nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

***Banda C 7 - 12 mharc*** (*bunúsach - ábalta*)
***Fiosrúchán***

- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *atá réasúnta cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina baintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

***Banda D 0 - 6 mharc*** (*an-bhunúsach - teoranta*)
***Fiosrúchán***

- *ina bhfuil fianaise ar* ***thuiscint an-bhunúsach theoranta*** *ar phríomhriachtanais an taisc*
- *ina bhfuil cuid den eolas nó an t-iomlán de* ***éiginnte agus gan ach cuid de cruinn****, easpa comhleanúnachais sa chur i láthair*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

**Gach Tasc:** *biachlár do lá áirithe/béilí 2 chúrsa/1 mhias/2 mhias/2 tháirge.* **(4 mharc)**

***Más rud é nach ndéantar fiosrúchán faoin mias a ullmhaítear*** *-1/-2/-4 mharc san fhiosrúchán.*
(biachlár: *cúrsa tosaigh/milseog = 1 mharc, príomhchúrsa = 1 mharc*)

*béilí/miasa/táirgí oiriúnacha agus aird á tabhairt ar chúinsí a aithníodh agus a ndearnadh anailís orthu san fhiosrúchán*

***Ní mór biachláir/príomhchúrsa/miasa a bheith cothromaithe*** *– glac le 3 cinn as 4 ghrúpa bia*

**Foinsí:** ***2 fhoinse @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0) **(4 mharc)**

## Pleanáil agus Ullmhúchán 8 marc

**Acmhainní:**

- comhábhair (*2 mharc*), cainníochtaí (*2 mharc*), costáil (*2 mharc*), trealamh (*2 mharc*)
- Réimse Cleachtais E – táirge/táirgí (*2 mharc*), trealamh (*6 mharc*)

## Cur i bhFeidhm 28 marc

Breac-chuntas ar an modh oibre a leanadh ar a n-áirítear próisis ullmhaithe bia, am cócaireachta, teocht, riar/cur i láthair, blaiseadh/measúnú. **(16 mharc)**

(*Ba choir go mbeadh an t-eolas/an cuntas i bhfocail an iarrthóra féin*)

***Banda A 13 - 16 mharc*** (*an-mhaith - ar fheabhas*)

*Aithnítear **gach céim riachtanach** in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad i bhfocail an iarrthóra féin, san ord ceart agus tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

***Banda B 9 - 12 mharc*** (*an-ábalta - go maith*)

*Aithnítear **formhór na gcéimeanna riachtanacha** in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

***Banda C 5 - 8 marc*** (*bunúsach - ábalta*)

*Aithnítear **roinnt céimeanna riachtanacha** in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

***Banda D 1 - 4 mharc*** (*an-bhunúsach - teoranta*)

*Ní aithnítear **aon cheann de na céimeanna riachtanacha** in ullmhúchán na méise, nó ní aithnítear ach **beagán díobh**, ní dhéantar achoimre orthu ná ní chuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

- **Na príomhchúinsí a cuireadh san áireamh *2 phointe @ 4 mharc* (grádaithe 4:2:0) (8 marc)**
  (caithfidh baint a bheith acu leis an mias/tástáil áirithe)
- ***Aithint*** (*2 mharc*) *agus **míniú soiléir ar thábhacht*** (*2 mharc*) ***dhá chúinse** a cuireadh san áireamh a raibh baint **chriticiúil acu leis an gcaoi ar éirigh leis an mias**.*

**Sábháilteacht/sláinteachas *2 phointe @ 2 mharc* (grádaithe 2:1:0) (4 mharc)**

(caithfidh baint a bheith acu le comhábhair áirithe atá in úsáid/leis an mias atá á cócaráil)

***Aithint*** (*1mharc*) *agus míniú* (*1 mharc*) *ar príomh-shaincheist sábháilteachta **amháin agus** an phríomh-shaincheist **amháin** a cuireadh san áireamh nuair a bhí an mhias á hullmhú agus á cócaráil/an tástáil á dhéanamh.*

## Measúnúchán *3 phointe @ 4 mharc* (12 mharc)

An tasc a mheasúnú de réir na dtéarmaí seo a leanas: **(grádaithe 4:3:2:0)**

**Cur i bhfeidhm**

***Banda A - 4 mharc*** *- aithníodh agus rinneadh anailís ar láidreachtaí/dúshláin sainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh mionathruithe go soiléir nuair a moladh iad, rinneadh anailís chriticiúil ar úsáid acmhainní/ar phleanáil.*

***Banda B - 3 mharc*** *- aithníodh láidreachtaí/dúshláin sainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh méid áirithe na mionathruithe a moladh, rinneadh anailís theoranta ar úsáid acmhainní/ar phleanáil.*

***Banda C - 2 mharc*** *- rinneadh iarracht éigin láidreachtaí/dúshláin a aithint nuair a bhí an tasc á dhéanamh, níor cosnaíodh mionathruithe nuair a moladh iad, rinneadh tagairt d'úsáid acmhainní/do phleanáil.*

**Sainriachtanais** an taisc

***Banda A - 4 mharc*** *- tarraingítear conclúidí eolasacha i ndáil le príomhriachtanais an taisc.*

***Banda B - 3 mharc*** *- tarraingítear conclúidí teoranta i ndáil le príomhriachtanais an taisc.*

***Banda C - 2 mharc*** *- déantar achoimre ar thorthaí i ndáil leis an tasc*

**Tasc 1**

*Cuidíonn cothú maith le daoine aonair a bhfuil baint agus spéis acu i gcúrsaí spóirt an oiread cumhachta agus teacht aniar a bhaint amach chomh maith lena chinntiú go n-éiríonn go maith leo agus go mbíonn sláinte mhaith acu.* (*Institiúid Cothúcháin & Diaitéitice na hÉireann*)

Déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaitheacha agus ar na treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí is cóir a chur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do dhaoine aonair a bhfuil baint acu le cúrsaí spóirt.

Agus na tosca seo á gcur san áireamh agat, mol réimse biachlár (dhá chúrsa) a bheadh oiriúnach mar phríomhbhéile an lae don ghrúpa daoine seo.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann amháin de na miasa príomhchúrsa a ndearna tú taighde orthu.

Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc**.** 2022

**Príomhriachtanais an taisc:**
- *riachtanais chothaithe / chothaitheach do **dhaoine aonair a bhfuil baint acu le cúrsaí spóirt***
- *treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí ag tagairt go sonrach do **dhaoine aonair a bhfuil baint acu le cúrsaí spóirt***
- *réimse biachlár* (*2x dhá chúrsa*) *a bheadh oiriúnach mar phríomhbhéile an lae*

**Fiosrúchán**

**Riachtanais chothaithe/chothaitheacha:** *cothromaíocht chothaitheach; treoirlínte reatha cothaitheach maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia; riachtanais laethúla de mhicrea/mhacrachothaithigh agus riachtanais phróitéine/carbaihiodráite/saille/iarainn/cailciam mar is cuí do dhaoine aonair a bhfuil baint acu le cúrsaí spóirt; ciondáil mholta laethúil/iontógáil tagartha cothaitheach; idirghaolmhaireacht mhianraí agus vitimíní m.sh Vitimín C/ionsú iarainn; Vitimín D ionsú cailciam; grúpa Vitimín B le haghaidh scaoileadh fuinnimh; éagsúlachtaí i riachtanais fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith i gceist; bianna carbaihiodráite GI íseal; cothromaíocht fuinnimh le taobh leibhéil ghníomhaíochta; carbaihiodráití neamhphróiseáilte; frithocsaídeoirí; úsáid as forlíonta béilí m.sh., deochanna, forlíonta bia; srl.*

**Treoirlínte pleanála do bhéilí:** *úsáid phirimide bia le cothromaíocht a chinntiú; pátrúin itheacháin rialta; iontógáil bia a chothromú le gníomhaíocht fhisiciúil; iontógáil calraí; éagsúlacht bianna; roghanna sláintiúla bia; modhanna sláintiúla cócaireachta; bianna saill sháithithe, salann agus siúcra a sheachaint; coinníollacha sonracha cothaithe; méideanna coda; seachain béilí a chailliúint; sneaiceanna folláine; bianna treisithe; cuireann bianna le GI íseal foinse leanúnach fuinnimh ar fáil agus bianna GI ard a thugann fuinneamh ar ais i ndiaidh an chleachtaidh; bianna orgánacha a úsáid; úsáid as púdar bainne le cailciam a threisiú; an méid próitéine agus calra; an t-uisce a chailltear le linn cleachtaidh a athchur; ceisteanna acmhainne; réamhphleanáil béilí; béilí ardspíosracha agus bianna aisteacha a sheachaint roimh thraenáil/cluichí srl.*

**Miasa roghnaithe**

- réimse biachlár dhá chúrsa (2) a bheadh oiriúnach mar phríomhbhéile an lae

**- 2 bhiachlár x 2 mharc (1 mharc do gach cúrsa) (grádaithe 4:3:2:1:0)**

- ní mór riachtanais chothaithe a shásamh do dhaoine aonair a bhfuil baint acu le cúrsaí spóirt
- ní mór príomhchúrsa a bheith ann ón mbiachlár.

**Measúnúchán (a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc

*Anailís na dtátal maidir le riachtanais chothaithe/chothaitheach nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do dhaoine a bhfuil baint acu le cúrsaí spóirt. Treoirlínte pleanála do bhéilí – réimse bianna/miasa oiriúnacha nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do dhaoine a bhfuil baint acu le cúrsaí spóirt, conas mar a chomhlíonann an mhias roghnaithe na riachtanais mar a aithnítear iad san fhiosrúchán. srl.*

**Tasc 2**

| |
|---|
| *Meastar go bhfuil 300,000 duine in Éirinn a bhfuil Oistéapóróis orthu* (*Cumann Oistéapóróise na hÉireann*)<br>Déan taighde ar an oistéapóróis ó thaobh **(i)** na dtosca a mbíonn tionchar acu ar shláinte na gcnámh agus **(ii)** na gcomharthaí/siomptóm a bheadh i gceist dá mbeadh oistéapóróis ar dhuine.<br>Déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaitheacha agus ar na tosca is cóir a chur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú do dhaoine atá buartha faoi shláinte a gcnámh.<br>Agus na tosca a d'aimsigh tú i do chuid taighde á gcur san áireamh agat, mol biachlár (trí bhéile) ar feadh lá amháin a bheadh oiriúnach don ghrúpa daoine seo.<br>Ullmhaigh, cócaráil agus riar an príomhchúrsa de phríomhbhéile an lae.<br>Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc.<br>2022 |

**Príomhriachtanais an taisc:**

- na tosca a mbíonn tionchar acu ar shláinte na gcnámh
- na comharthaí/siomptóim a bheadh i gceist dá mbeadh oistéapóróis ar dhuine
- riachtanais chothaitheacha **do dhaoine atá buartha faoi shláinte a gcnámh.**
- *Treoracha do bhéilí a phleanáil do* ***dhaoine atá buartha faoi shláinte a gcnámh.***
- *biachlár (trí bhéile) ar feadh lá amháin*

***Fiosrúchán***

***Na tosca a mbíonn tionchar acu ar shláinte na gcnámh****: stair na clainne; cailciam, vitimín D, fosfar; hormóin normálta gnéis; meanapás a thosaíonn luath; calraí leordhóthain; cleachtadh glactha meáchain; caitheamh tobac; alcól; aiste bia neamhfholláin; aistí bia do chailliúint meáchain; neamhord itheacháin ar nós anoireicse agus búilime; ró-chaitheamh deochanna fiosaí; iontógáil ard caifé; éadulaingt/ailléirgí do tháirgí déirí; úsáid fadtéarma cógas; ró-chleachtadh; glacadh leis na tosca a théann i bhfeidhm ar ionsú cailciam, (foinsí de) aigéad fíteach, aigéad ocsalach; snáithín; tainnin ar féidir leo bac a chur ar ionsú cailciam; srl.*

***Comharthaí/siomptóim go bhféadfadh oistéapóróis a bheith ar dhuine:*** *cnámh a bhriseadh as cor coise nó as titim nuair a bhí duine ina sheasamh, nó níos lú; pian in uachtar an droma, i lár an droma nó in íochtar an droma, go mórmhór más pian eatramhach atá i gceist; cailliúint airde; athrú ar chuma an choirp; guaillí cruinne; dronn ar an gcorp uachtarach; cnámha briste gan míniú; cnámha sobhriste; srl.*

***Riachtanais chothaithe/chothaitheach:*** *cothromaíocht cothaithe; treoracha reatha cothaitheach maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia; riachtanais laethúla de mhicrea/mhacrachothaithigh agus riachtanais phróitéine/carbaihiodráite/saille/iarainn/cailciam mar is cuí do dhaoine atá buartha faoi shláinte a gcnámh; liúntas laethúil a mholtar/iontógáil thagartha; idirghaolmhaireacht mhianraí agus vitimíní m.sh. vitamin C/ ionsú cailciam, vitimín D/ionsú cailciam; cailciam/fosfar; cothromaíocht fuinnimh le taobh leibhéil ghníomhaíochta.*

***Treoirlínte pleanála do bhéilí:*** *bain feidhm as an bpirimid bia chun cothromaíocht a chinntiú; iontógáil calraí; iontógáil bia a chothromú le gníomhaíocht fhisiciúil; éagsúlacht bianna; roghanna sláintiúla bia; próitéin le cabhrú le hionsú cailciam; modhanna sláintiúla cócaireachta; seachain bianna le saill ard, salann agus siúcra; gearr siar ar bhianna gasta; ith bianna orgánacha; coinníollacha sonracha cothaithe; méideanna coda; seachain béilí a chailleadh; sneaiceanna sláintiúla; bianna treisithe; seachain léagúim agus gránaigh a bhfuil aigéad fíteach agus/ nó aigéad ocsalach iontu; seachain deochanna caiféine; úsáid as ionadaigh bhainne treisithe le haghaidh veigeatóirí; bíodh foinsí saibhre de tháirgí déirí sa réim bhia; srl.*

**Miasa roghnaithe**

- réimse biachlár lá amháin – 3 bhéile **bricfeasta = 1 mharc, príomhbhéile = 2 mharc, lón/suipéar = 1 mharc (grádaithe 4:3:2:1:0)**
- ba chóir riachtanais chothaithe/chothaitheach a shásamh do dhaoine atá buartha faoi shláinte a gcnámh
- ba chóir príomhchúrsa a bheith ann ón mbiachlár

**Measúnúchán (a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc
*Anailís na dtátal maidir le* daoine atá buartha faoi shláinte a gcnámh. Treoirlínte pleanála do bhéilí – raon bianna /miasanna oiriúnach nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do dhaoine atá buartha faoi shláinte a gcnámh, *conas mar a chomhlíonann an mhias roghnaithe na riachtanais mar a aithnítear iad san fhiosrúchán; srl.*

## Réimse Cleachtais B: Ullmhú Bia agus Próisis Chócaireachta

### Tasc 3

*Is é atá i gceist le taosrán ná meascán de chomhábhair shimplí, agus ní mór an teicníc cheart a úsáid chun go n-éireoidh leat torthaí den scoth a bhaint amach.*
Déan taighde ar phuth-thaosrán garbh **nó** taosrán choux ó thaobh

- an chaoi a n-úsáidtear iad i miasa milse agus neamh-mhilse
- an modh maidir leis an taosrán roghnaithe a dhéanamh ina mbeidh na bunphrionsabail atá i gceist san áireamh.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar mias amháin (ag baint úsáid as puth-thaosrán garbh nó taosrán choux de dhéantús bhaile) a ndearna tú taighde air.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** leis na buntáistí agus/nó na míbhuntáistí a bhaineann leis an taosrán a roghnaigh tú a dhéanamh. 2022

### Príomhriachtanais an taisc:

- an chaoi a n-úsáidtear iad i miasa milse agus neamh-mhilse
- an modh maidir le puth-thaosrán garbh nó taosrán choux a dhéanamh
- na bunphrionsabail atá i gceist chun puth-thaosrán garbh nó taosrán choux a dhéanamh
- an mhias roghnaithe milis nó neamhmhilis

**Fiosrúchán**
**Úsáid:** Bí ag súil le rogha de mhiasanna milis nó neamhmhilis le puth-thaosrán garbh **nó le** taosrán choux.
**Puth-thaosrán garbh: Modh agus bunphrionsabail**
*Criathraigh plúr agus salann isteach i mbabhla; gearr an tsaill ina ciúbanna thart ar 2 cm i méid, measc isteach sa phlúr gan í a chuimilt isteach; cuir isteach sú líomóide agus uisce chun taos sách righin a dhéanamh; cuir ar losaid phlúrtha go héadrom agus déan é a rolladh i stráice fada 30cm x 10cm; marcáil amach i dtrí chuid, fill suas an trian íochtarach agus fill síos an trian uachtarach thart air, ansin iompaigh an taos ar deis agus séalaigh na himill le crann fuinte; tosaigh ag rolladh trí bhrú séimh 3 nó 4 huaire thar lár an taosráin leathfhada, ansin rollaigh i stráice arís é agus fill é ceithre huaire eile; fuaraigh é sa chuisneoir ar feadh 30 nóiméad sula n-úsáidtear é; rollaigh é agus múnlaigh é don mhias atá á déanamh agat; taisrigh an stán bácála; bácáil in oigheann te, laghdaigh tar éis 10 nóiméad; srl.*
***Bunphrionsabail*** *úsáid plúr láidir le hardghlútan; úsáid sú líomóide chun cabhrú leis an glútan a bhogadh; déantar an* ***t-aer*** *a cheansú le linn criathraithe, rolladh agus filleadh, scaoiltear é le linn téite agus is é is cúis le héirí an taosráin; iompaíonn uisce san im go* ***gal*** *agus cuireann sé bolgáin mhóra gaile ar fáil a bhrúnn na sraitheanna taosráin óna chéile; bácáil in* ***oigheann te****; déanann an teas geilitíniú ar an stáirse; iompaíonn an stáirse go deistrin agus déantar crústa ar an taosrán; srl.*
**Taosrán choux: Modh agus Bunphrionsabail**
*Criathraigh plúr ar phláta nó ar scragall cistine; cuir uisce agus saill sa sáspan, téamh go réidh go mbíonn an tsaill leáite agus tóg go bruith é; bain den teas é agus cuir an plúr isteach sa leacht te ag an am céanna; buail go mion go mbíonn an meascán mín agus go dtagann cruth liathróide air; lig dó fuaradh; buail isteach na huibheacha, bordspúnóg as a chéile, buail go maith i ndiaidh gach bordspúnóg go dtí go mbeidh an meascán tiubh agus snasta; cuir isteach go leor uibheacha chun leanúnachas maisithe a bhaint amach; cuir isteach i mála réóin agus lig dó seasamh; píobaigh nó cuir i gcruth le spúnóg ar thráidire bácála fliuchta; bácáil ag $220^0C$; gearr chun gal a ligint amach, fuaraigh ar thráidire sreinge; srl.*
***Bunphrionsabail***
*Criathrú* ***aeir****, déantar bolgáin bheaga as a ndéantar bolgáin mhóra as aer a bhualadh, nuair a théitear é leathnaíonn agus éiríonn an meascán; ligeann an glútan sa phlúr láidir don taos éirí agus treisíonn sé an taos; déanann sú líomóide an glútan a bhogadh agus tugann sé níos mó leaisteachais; cuirtear isteach plúr go tapa sa leacht te a ionsúnn an plúr go tapa agus a dhéanann an meascán tiubh trí geilitíniú; bácáil in* ***oigheann te,*** *athraíonn an stáirse sa phlúr go deistriní agus is cúis le donnadh é; cruthaíonn an* ***ghal*** *ón im téite agus ón uisce bolgáin ghaile agus is cúis iad le héirí an mheascáin sa teas; téachtann an phróitéin sna huibheacha chun an meascán a tháthú;*
**Mias roghnaithe –** taighde déanta ar mhias mhilis nó neamhmhilis a rinneadh as puth - thaosrán garbh **nó** taosrán choux
**Mias - 1 @ 4 mharc (glactar le mias mhilis nó neamhmhilis anseo) (grádaithe 4:2:0)**

**Measúnúchán (a)** le cur i bhfeidhm na méise taosráin roghnaithe (**b)** na buntáistí agus / nó na míbhuntáistí a bhaineann leis an gcineál seo taosráin a dhéanamh.

**Tasc 4**

*Tá táirgí ceardaí tar éis fás go tapa ina sainmhargadh in earnáil fhiontar an bhia mar thoradh ar thomhaltóirí géarchúiseacha ag lorg táirgí ar ardchaighdeán.*
Déan taighde ar na cineálacha brioscaí (cookies) a bhfuil tóir ag tomhaltóirí orthu faoi láthair.

Déan fiosrú ar dhá mhodh maidir le brioscaí a dhéanamh sa bhaile.

Mínigh na bunphrionsabail atá i gceist i ngach cás.

Ullmhaigh agus bácáil cineál amháin briosca ag baint úsáid as ceann amháin de na modhanna a d'fhiosraigh tú.

Déan cur síos ar an bpacáistiú a mholfá don táirge agus cuir san áireamh an táirge a choinneáil sláinteach agus é a chur i láthair ar bhealach tarraingteach.

Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm **(b)** cé chomh praiticiúil agus atá sé brioscaí a dhéanamh sa bhaile agus **(c)** leis an gcostas i gcomparáid le táirge tráchtála den chineál céanna. 2022

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *déan taighde ar na cineálacha brioscaí (cookies) a bhfuil tóir ag tomhaltóirí orthu faoi láthair.*
- *déan fiosrú ar dhá mhodh maidir le brioscaí a dhéanamh sa bhaile.*
- *na bunphrionsabail atá i gceist i ngach cás.*
- *an pacáistiú a mholtar don táirge.*

**Fiosrúchán**

**Cineálacha brioscaí (cookies) a bhfuil tóir orthu faoi láthair:**
*brandaí éagsúla; cineálacha éagsúla; éagsúlachtaí ar na bunchineálacha; brioscaí le comhábhair neamhghnácha agus le meascáin shuimiúla comhábhar srl.*

**Modhanna agus bunphrionsabail - brioscaí déanta sa bhaile**
***Cuimilt isteach:*** *saill gearrtha ina píosaí beaga agus cuimilte isteach sa phlúr; meascán ardaithe thar an mbabhla chun cuidiú leis an* ***aer*** *a ionchorprú; is cóir go mbeadh cuma bruscar aráin mín ar an meascán; úsáidtear piteánphlúr chun uigeacht bhriosc a dhéanamh; fuintear an meascán go mbíonn sé séimh; rollta go tanaí agus bácáilte go tapa le bheith criospa agus briosc; téachtann teas an oighinn an glútan/meascán; scaoiltear* ***an t-aer*** *leis an* ***téamh****; caramalaíonn an siúcra leis an téamh; meascann an phróitéin agus na siúcraí chun an briosca a dhonnadh trí imoibriú maillard; srl.*
***Ag uachtarú:*** *buailtear/uachtaraítear saill agus siúcra le chéile go mbíonn an meascán ar dhath éadrom, le huigeacht bholgach, toirt mhéadaithe agus siúcra tuaslagtha; bíonn na bolgáin bheaga* ***aeir*** *a tháirgtear cobhsaithe leis an siúcra; tugtar níos mó aeir isteach trí na huibheacha a bhualadh isteach sa mheascán de saill agus siúcra; cuirtear isteach uibheacha ar luas íseal chun gruthú a sheachaint; cuirtear plúr criathraithe isteach chun tuilleadh aeir a thabhairt dó; ardaíonn an meascán nuair a scaoiltear na bolgáin aeir as* ***teas*** *an oighinn, tagann an ghal ó na comhábhair leachtacha agus ó* $CO_2$ *de bharr úsáid oibreán ardaithe; teas an oighinn a théachtann an meascán; ligeann an taise don phlúr hiodráitiú agus pléascann na gráinní stáirse nuair a théitear iad agus ionsúnn siad an taise chun geilitíniú; coimeádann an stáirse cócaráilte na brioscaí le chéile ; téachtann teas an oighinn an glútan/meascán srl.*
***Aonphíosa:*** *buailtear na comhábhair ar fad le chéile; bain úsáid as saill bhog chun* ***aer*** *a ionchorprú go héasca; le linn bhácála imoibríonn an t-oibreán ardaithe leis an leacht ón ubh chun* $CO_2$ *agus gal a tháirgeadh agus ardaíonn na brioscaí dá bharr; téachtann teas an oighinn an meascán/glútan; srl.*
***Bualadh:*** *buailtear na huibheacha agus siúcra le chéile: déantar* ***aer*** *a ionchorprú sa mheascán; filltear plúr isteach go cúramach; scoiltear an gás ó* ***theas*** *an oighinn, ardaíonn an meascán téachta; téachtann teas an oighinn an meascán/glútan; srl.*
**Leá***: téitear saill, siúcra agus leacht (triacla, mil) go réidh; fuaraithe agus curtha leis na comhábhair tirim (plúr, oibreán ardaithe); buailte le chéile leis an ubh; púdar bácála/sóid aráin curtha leis, nuair a thaisítear iad táirgtear* $CO_2$ *ar chúis é le hardú an mheascáin nuair a théitear é; téachtann* ***teas*** *an oighinn an meascán/glútan; bíonn siúcra agus próitéin téite agus donn mar gheall ar an imoibriú maillard; srl.*
**Pacáistiú oiriúnach:** *boscaí maisiúla; stáin aerdhíonacha; prócaí gloine; málaí bronntanais; coimeádáin phlaisteacha; fillteog pholaitéin; lipéid mhaisiúla nó féinghreamaitheach; srl.*
***mura ndéantar aon phacáistiú a fhiosrú – 3 mharc***
**Miasa roghnaithe –** *ainmnigh briosca – modh fiosruithe sa taighde* **(grádaithe 4:2:0)**
**Measúnúchán (a)** le cur i bhfeidhm na mbrioscaí roghnaithe (**b)** Infheidhmitheacht a bhaineann le brioscaí baile – *ceisteanna acmhainne .i. am, scileanna, trealamh, pacáistiú, stóráil* **(c)** comparáid idir costas an táirge bhaile agus táirge tráchtála den saghas céanna; srl.

**Réimse Cleachtais E: Anailís Chomparáideach agus Anailís Chéadfach san áireamh.**

**Tasc 5**

> *Is é atá i gceist leis an gCáin ar Dheochanna Siúcra Milsithe ná beartas le tomhaltóirí a spreagadh chun deochanna níos sláintiúla a roghnú agus ag an am céanna an tionscal a spreagadh leis an méid siúcra sa bhreis atá curtha isteach a laghdú.*
>
> Déan taighde ar raon na ndeochanna lena mbaineann an *Cháin ar Dheochanna Siúcra Milsithe*.
> Déan taighde ar dheochanna boga a bhfuil rogha le gnáth-leibhéal siúcra iontu **agus** le leibhéal íseal siúcra/gan aon siúcra iontu. Luaigh an méid siúcra i ngach ceann de na roghanna de dheochanna boga.
> Roghnaigh deoch bog tráchtála ina bhfuil gnáthrogha agus rogha nach bhfuil mórán siúcra/ gan aon siúcra i gceist.
> Déan tástáil Dó-Trí chun a fháil amach an féidir le tástálaithe an dá tháirge a aithint ó chéile. Cuir i láthair na torthaí a fuair tú ón tástáil.
> Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le na torthaí a fuarthas ar an tástáil. 2022

**Príomhriachtanais an taisc:**

- déan taighde ar raon na ndeochanna lena mbaineann an ***Cháin ar Dheochanna Siúcra Milsithe*.** (gnáth-leibhéal siúcra iontu **agus** le leibhéal íseal siúcra/gan aon siúcra iontu)
- **Tástáil Dó-Trí**- cur síos, aidhm agus na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann
  - coinníollacha le smachtú le linn tástála -ní mór dóibh a bheith anailísithe agus bainteach leis an triail
- roghnaigh deoch bog tráchtála **amháin** de do rogha féin

**Fiosrúchán** **(24 marc)**
déan taighde/fiosrúchán ar dheochanna cuí don tasc .i. deochanna boga a bhfuil rogha le gnáth-leibhéal siúcra iontu **agus** le leibhéal íseal siúcra/gan aon siúcra iontu. (méid siúcra i ngach rogha)

*Baineann an cháin le deochanna a bhfuil siúcra iontu agus a bhfuil méid iomlán siúcra de 5 ghram nó níos mó sa 100 ml .i. uiscí faoi bhlaistiú; deochanna carbónáitithe; deochanna fuinnimh agus spóirt; deochanna súbhunaithe; deochanna a bhfuil saill bhainne iontu le níos lú ná 119mg cailciam in aghaidh 100 ml; soighe, gránach, deochanna síolbhunaithe nó cnóbhunaithe le níos lú ná 119mg cailciam sa 100ml; deochanna neamh-mheisciúla; srl.*

- **Tástáil Dó-Trí**

***Cur síos:*** *tugtar trí shampla don tástálaí; dhá shampla códaithe agus ceann amháin a ainmnítear mar thagairt; iarrtar ar an tástálaí an sampla atá éagsúil ón tagairt a ainmniú; srl.*
***Aidhm na tástála:*** *aimsiú an bhfuil difríochtaí inbhraite sa bhlas idir an gnáth deoch bog agus an leibhéal íseal siúcra / gan aon siúcra comhroghnach; srl.*

***Toradh:*** *socraítear ar líon na dtástálaithe ar féidir leo sampla a ainmniú atá éagsúil ón smacht / tagairt; cé mhéid tástálaithe ar féidir leo éagsúlacht a aimsiú idir an dá leagan den deoch bog roghnaithe .i. gnáth deoch agus* gnáth-leibhéal siúcra agus leibhéal íseal siúcra/gan aon siúcra; srl.

**Na coinníollacha le smachtú le linn tástála a ainmniú**
*Coinníollacha sainiúil don tasc m.sh. méid, cuma agus dath na gcoimeádán a úsáideadh don tástáil; teocht na samplaí; cainníochtaí céanna i ngach sampla; códú na samplaí; ordú randamach an láithrithe; amú; áit a dtarlaíonn an tástáil; ceisteanna cothaithe. srl.*

**Mias / táirge roghnaithe agus critéir rogha**
***Táirgí roghnaithe –*** *deoch bog roghnaithe le gnáth leibhéal siúcra agus leibhéal íseal siúcra / gan aon siúcra*

**(2 tháirge @ 2 mharc) ( grádaithe 2:1:0) 4 mharc**

**Foinsí Eolais: 2 @ 2 mharc ( grádaithe 2:1:0) 4 mharc**

**Ullmhúchán agus Pleanáil**

- **Acmhainní = (2 mharc ) (grádaithe 2:1:0)**

**8 marc**

- **Príomhthrealamh a theastaíonn chun an tasc a dhéanamh** (**6 mharc) (grádaithe 6:5:4:3:2:1:0)**

**Tástáil Dó – Trí:** Bunaithe ar 6 thástálaí: 6 thráidire le cóid *R □ ◊; 6 ghloine uisce; 18 coimeádáin chódaithe ; 12 sampla de ghnáth deoch bog ; 6 shampla de dheoch bog* le leibhéal íseal siúcra/gan aon siúcra; *6 scórchárta; 1 bhileog thaifid ; 6 pheann; srl.*

**Cur i bhFeidhm 16 marc**

**An modh oibre a leantar agus an ghné seo den tasc á déanamh:**
*Is cóir seicheamh iomlán den chur i bhfeidhm a thabhairt agus is cóir torthaí a chur I láthair don tástáil*

**Tástáil Dó-Trí:** (bunaithe ar 6 thástálaí) *sraith de 6 thráidire uimhrithe 1 – 6; códaithe mar an gcéanna R, □ ◊ ; doirt samplaí den táirge i gcupáin pháipéir;* ***R= deoch iomlán siúcra x 6 A= deoch iomlán siúcra x 6 B= deoch le siúcra íseal x 6****; lipéadaigh scórchártaí 1- 6 agus bileog thaifid ; eagraigh 6 thráidire agus úsáid á baint as ordú láithrithe cothroime; déan an tástáil Dó-Trí; bailigh scórchártaí; aistrigh torthaí go dtí an bhileog thaifid; taispeáin na cóid; cuir na torthaí i láthair agus measúnaigh iad; glan suas agus nigh na gréithe srl.*
*Deoch le gnáth leibhéal siúcra a bheidh ina thagairt R/smacht; códú ar gach tráidire le bheith mar an gcéanna m.sh. siombailí R □ ◊; na deochanna a bheidh éagsúil ar gach tráidire -- an t-ordú láithrithe thíos sna deochanna in □ agus ◊ a athróidh;*

| Tráidire | AAB |
|---|---|
| 1 | R □ ◊ |

| Tráidire | ABA |
|---|---|
| 2 | R □ ◊ |

| Tráidire | AAB |
|---|---|
| 3 | R □ ◊ |

| Tráidire | ABA |
|---|---|
| 4 | R □ ◊ |

| Tráidire | AAB |
|---|---|
| 5 | R □ ◊ |

| Tráidire | ABA |
|---|---|
| 6 | R □ ◊ |

*3 chupán páipéir ar gach tráidire; cupán páipéir amháin lipéadaithe le siombail R; cupán páipéir amháin le siombail □; cupán páipéir amháin le siombail l ◊;iarrtar ar thástálaithe tosú ón gclé agus sampla R a bhlaiseadh le 2 shampla códaithe ina dhiaidh san ord a tugadh; is cóir dóibh ciorcal a chur ar an sampla atá éagsúil ó R; bailíonn an taifeadóir na scórchártaí agus aistrítear na torthaí don bhileog taifeadta ullmhaithe; nuair a thaifeadtar torthaí cuirtear ciorcal thar an litir a fhreagraíonn don siombail roghnaithe ar gach scórchárta agus cuirtear tic sa cholún cuí; déantar na freagraí cearta a chomhaireamh, taispeántar na cóid ; cuirtear torthaí i láthair- ar bharrachairt nó ar phíchairt; torthaí measúnaithe srl; Taispeánann an bhileog taifeadta gur deoch le gnáth leibhéal siúcra = Deoch A, gur deoch le leibhéal íseal siúcra = Deoch B agus gur leanadh an t-ord do gach tráidire a taispeánadh thuas freisin.*

- **Príomhthosca le toradh an tástála a dheimhniú (2 @ 4 mharc an ceann) (grádaithe 4:2:0)8 marc**

*Caithfidh príomhthosca tagairt don tástáil a rinneadh agus féadann coinníollacha* ***smachta*** *le linn tástála a chur san áireamh; códú; méideanna céanna agus dóthanacha; gloine uisce/ nó craicear tirim ann d'fhonn an carball a ghlanadh; tábhacht ciúnais le linn tástála; ordú láithrithe randamach; cóid neamhchlaonta; eagrú á dhéanamh ag daoine éagsúla; tástálaithe as láthair agus eagrú ar siúl; srl.*

- **Sábháilteacht agus Sláinteachas**

**Sábháilteacht: 1 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0) Sláinteachas : 1 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)** **4 mharc**

***Sábháilteacht**: tástálaithe le hailléirgí – deochanna boga le breiseáin / uimhreacha e; diaibéitigh; srl. Cleachtas maith **Sláinteachais** maidir le: láthair tástála/ullmhúcháin; láimhseáil samplaí; cupáin aon uaire; srl.*

**Measúnúchán (3 phointe @ 4 mharc) (grádaithe 4:3:2:0) 12 marc**

- **Cur i bhFeidhm**

*Déan measúnú ar chur i bhfeidhm na tástála le tagairt do na príomhthosca d'fhonn a rath a chinntiú; fadhbanna a tharla agus réitigh a moladh; srl.*

- **Sainriachtanais an taisc**

*Is cóir torthaí a mheasúnú agus conclúidí a tharraing; glac le hanailís na bhfachtóirí a d'fhéadfadh cur leis na torthaí tástála a bhfuarthas .i. cén fáth go bhféadfadh / nach bhféadfadh tástálaithe an sampla a bhí éagsúil a aithint; srl.*

## ***Aguisín 1*** Treoracha Ginearálta do scrúdaitheoirí maidir le bronnadh marcanna

1. Riachtanais an scrúdaithe: Tá sé de cheangal ar iarrthóirí taifead ar aon ***ceithre*** thasc a chur i gcrích agus a chur i láthair lena scrúdú. **2 thasc i gcomhair 2022 de bharr ceartuithe.**

2. Caithfidh gníomhaíochtaí praiticiúla éagsúla a bheith i ngach tasc sa Staidéar Bia. ***Má dhéanann iarrthóir gníomhaíocht phraiticiúil in athuair don dara tasc***, marcálfaidh an scrúdaitheoir an ghníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta mar a chuirtear i láthair í agus dícheadóidh sé/sí na marcanna a bhronntar as an ngníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta is ísle marc.

3. ***Má chríochnaíonn iarrthóir an fiosrúchán agus/nó an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an cur i bhfeidhm,*** marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar na marcanna as ***measúnú an chur i bhfeidhm***, áfach, áit a dtugtar faoi sin. Maidir leis na Tascanna 3, 4 agus 5, dícheadófar ***measúnú ar shainriachtanais*** freisin.

4. ***Má chríochnaíonn iarrthóir an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó an cur i bhfeidhm agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an fiosrúchán***, marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar marcanna as ***measúnú ar shainriachtanais an taisc***, áfach, áit a dtugtar faoi sin.

5. ***Mura sainítear an mhias/táirge a ullmhaíodh san fhiosrúchán***, ach má chomhlíonann sé riachtanais an taisc, bain an marc ábhartha a bhronntar (-1/-2/-4) faoi bhéilí/miasa/táirgí san fhiosrúchán.

6. Mura léiríonn an mhias roghnaithe ach ***beagán scileanna próiseála*** – marcáil *pro-rata*.

7. ***Mura bhfuil an mhias roghnaithe ag teacht go hiomlán*** leis na riachtanais, e.g.
    - mias ***gan chócaráil*** roghnaithe nuair a sonraíodh mias chócaráilte - Tasc 1,2,3,4
    - mias ***nach bhfuil oiriúnach do riachtanais an taisc*** – *Tasc 1 agus 2*
    - ***an modh a fiosraíodh gan a bheith in úsáid agus an mhias roghnaithe á déanamh*** – *Tasc 3 agus 4*
    - mias roghnaithe ina mbaintear ***ró-úsáid as bianna áise***

    ***Bain 8 marc ón marc iomlán a bronnadh as an tasc agus cuir isteach míniúchán mar a léirítear thuas.***

8. ***Mias nach gcomhlíonann riachtanais an taisc,*** e.g. milseog a ullmhaíodh in áit príomhchúrsa; ní bhronnfar marc ar bith.

    **N.B.** *Caithfidh scrúdaitheoirí dul i gcomhairle le scrúdaitheoirí comhairleacha agus suíomh ar leith á chur i bhfeidhm acu.*